



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

 An tÚdarás Árachas Sláinte
The Health Insurance Authority

An tÚdarás Árachas Sláinte

Tuarascáil Bhliantúil agus
Cuntais Bhliantúla 2023



Ár bhFís

“Is í ár bhfís margadh árachas sláinte iomaíoch dea-rialaithe a bheith ann ina gcumhachtaítear tomhaltóirí chun cinntí eolacha a dhéanamh.”



Clár Ábhar

Ár bhFís.....	2	3.5 Na meáin agus fógraíocht.....	27
Ráiteas an Chathaoirligh	4	3.5.1 Fógraíocht	27
Comhaltaí Boird	6	3.5.2 Clúdach sna meáin agus raidió.....	28
Ráiteas na bPríomhfheidhmeannaigh.....	8	3.5.3 Na meáin shóisialta	28
Ár bhFís Straitéiseach	12	4 Infheistíocht a dhéanamh in acmhainn dhigiteach chun ár gcumas a fheabhsú	29
1 Rialáil árachais sláinte dírithe ar thomhaltóirí a spreagadh	14	4.1 Ár bpróisis a threisiú	30
1.1 Struchtúr rialála an mhargaidh.....	15	4.1.1 Cibearshlándaíl.....	30
1.2 Forbairtí rialála in 2023	16	4.1.2 Obair chumaisc.....	30
1.2.1 An Scéim um Chomhionannú Riosca.....	16	4.2 Láidreacht an Chiste um Chomhionannú Riosca a mhéadú.	30
1.3 Margadh árachais sláinte na hÉireann in 2023	16	4.2.1 An Scéim Comhionannaithe Riosca.....	30
1.3.1 Méid an Mhargaidh.....	16	5 Ár ndaoine a fhorbairt chun torthaí éifeachtacha agus ardchaighdeán rialachais chorparáidigh a chur ar fáil.....	31
1.3.2 Ioncam préimhe na n-árachóirí sláinte agus costais a bhaineann le héilimh cúraim sláinte.	18	5.1 Ár ndaoine a fhorbairt.....	32
1.3.3 Forbairtí táirge agus praghas árachai sláinte.....	19	5.2 Rialachas corparáideach.....	33
2 Comhlíonadh agus cuntasacht a chinntiú	21	5.2.1 An cód cleachtais um rialachas corparáideach	33
2.1 An Scéim Comhionannaithe Riosca.....	22	5.2.2 Eitic in oifigí poiblí	133
2.2 Measúnú ar róchúiteamh.....	23	5.2.3 Nochtadh cosanta	33
2.3 Cigireachtaí.....	23	5.2.4 Cearta an duine agus comhionannas	33
2.3.1 An Ciste um Chomhionannú Riosca	23	5.2.5 Na teangacha oifigiúla.....	33
2.3.2 Lascainí do leanaí agus d’aoisigh óga	23	5.2.6 Saoráil faisnéise agus ceisteanna ón Oireachtas	33
3 Muinín tomhaltóirí a chothú agus tomhaltóirí a chumasú chun cinntí eolasacha a dhéanamh .24		5.2.7 Tuarascáil bhliantúil agus cuntais bhliantúla	34
3.1 Tuairimí maidir le hárachas sláinte.....	25	5.2.8 An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca/iníúchadh inmheánach	34
3.2 Líne chabhrach faisnéise do thomhaltóirí ..	26	5.3 Bainistíocht Riosca	34
3.3 Uirlis um chomparáid suíomhanna gréasáin agus praghsanna	26	5.4 Ídiú Fuinnimh	35
3.4 Imeachtaí.....	27		

Ráiteas an Chathaoirligh



Patricia Byron

Cathaoirleach

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2023 an Údaráis Árachais Sláinte a chur i láthair.

Tá go leor athruithe tarlaithe sa tírdhreach árachais sláinte le bliain anuas. Tá méadú i líon na bpolasaí chomh maith le roinnt méaduithe praghaís ó gach árachóir feicthe againn. Tá dul chun cinn maidir le Sláintecare feicthe againn freisin agus níos mó ná 1,500 comhairleoir cláraithe suas leis na conarthaí poiblí faoi láthair. Dhíríomar ar ár bhfís a chur i bhfeidhm le béim ar ár gcúig phríomhthosaíocht straitéiseacha a sheachadadh, ag teacht lenár gcuspóir agus lenár luachanna. Léirítear lenár Tuarascáil Bhliantúil an dul chun cinn atá déanta againn maidir le leanúint ar aghaidh chun na cuspóirí straitéiseacha leagtha amach inár straitéis trí bliana a chomhlíonadh.

Rianaítear leis an tuarascáil seo ár ndul chun cinn le bliana anuas agus earnáil árachais sláinte chasta a bhíonn ag athrú i gcónaí á rialú againn. Tá méadú suntasach maidir le héilimh ina dhiaidh Covid-19 le feiceáil san earnáil agus méadú suntasach ar bhoilsciú cúraim sláinte leis. Tháinig méaduithe leanúnacha ar phrímheanna mar thoradh air seo. D'aithníomar moilliú maidir le luas orthu siúd a raibh polasaithe nua á dtógáil amach acu, ach ar an iomlán, feicimid fós go bhfuil árachas sláinte príobháideach ag 47% den daonra.

Dúshlán do thomhaltóirí arís ab ea iad iomaíocht margaidh agus iomadú táirge agus iad ag iarraidh pleananna sláinte atá éifeachtúil ó thaobh costas de agus cuí a aithint. Agus an méid sin curtha sin áireamh, díriodh aird ar leith ar thacaíocht agus oideachas tomhaltóirí i rith na bliana agus ár n-uirlis comparáide ar líne, ár líne chabhrach, ár bhfoilseacháin eolais agus ár dtionscnaimh meán go léir ag tacú lenár bhfor-rochtain.

Ceann dár n-aschuir shuntasacha fós ab ea iad bainistíocht an Chiste Comhionannaithe Riosca agus moltaí déanta don Aire Sláinte maidir le creidmheasanna comhionannaithe riosca agus dleacht stampála, agus cuireadh coigeartú eile i bhfabhar creidmheasanna a bhaineann le sláinte i bhfeidhm.

Tugtar tús áite san eagraíocht do mhuintir an phobail agus an tionscail i ról an Údaráis Árachais Sláinte. Leanann an HIA le hiniúchadh agus cigireacht a dhéanamh ar na cuideachtaí árachais sláinte maidir lena n-oibleagáidí faoi na hAchtanna Árachais Sláinte a chomhlíonadh, go háirithe éilimh a dhéantar chuig an gCiste um Chothromú Fiontar. Agus an Ciste um Chothromú Fiontar ag dul i méid, thart ar €800m faoi láthair, agus leis an gcastacht a bhaineann le tabhairt isteach an chiste éileamh ardchostais, tuigimid go bhfuilimid freagrach as cistí poiblí ó dhleacht stampa a íocann daoine a bhfuil árachas sláinte acu a bhainistiú. In 2023, chun ár dtosaíocht straitéiseach a chomhlíonadh maidir le comhlíonadh agus cuntasacht a chinntiú trí dhea-chleachtas rialála, lean an HIA lena ghníomhaíochtaí cigireachta, agus thug sé faoi réimsí nua d'oibleagáidí na ngnóthas cláraithe faoi na hAchtanna Árachais Sláinte. Táimid tiomanta fós torthaí ár ngníomhaíochtaí iniúchta a fhoilsiú amach anseo.

Leanann árachóirí le bheith réamhghníomhach maidir le sochair agus praghsanna táirgí aonair a choigeartú agus seirbhísí agus gnéithe nua a chur leis ionas go mbeidh castacht an mhargaidh do thomhaltóirí ard i gcónaí. In 2023 bhí 350 plean difriúil ar fáil do thomhaltóirí, agus tugadh isteach 23 plean nua agus níor cuireadh aon phlean as feidhm. Léiríonn aiseolas ónár suirbhé tomhaltóirí go mbíonn deacracht ag a lán tomhaltóirí a bpleananna árachais sláinte a thuiscint go hiomlán agus comparáid a dhéanamh idir na roghanna. Tuigeann an tÚdarás go maith an tábhachtach a bhaineann le faisnéis chruinn agus spriocdhírithé a sholáthar dóibh siúd atá ag iarraidh árachas sláinte a cheannach, agus mar a leagtar amach inár straitéis, táimid ag iarraidh teacht ar bhealaí chun rannpháirtíocht an tomhaltóra a mhéadú.

De réir mar a leanann an Roinn Sláinte le hobair shuntasach ag bogadh cúram príobháideach ó ospidéal poiblí, oibrímid go dlúth leis an earnáil cúraim sláinte príobháidí de réir mar a fhorbraíonn agus a fhreagraíonn siad don tírdhreach atá ag athrú. Mar rialtóir coimeádaimid leibhéal cothrom agus cuí iniúchta, ag díriú ar cad atá chun leasa na dtomhaltóirí le cúram sláinte príobháideach.

Ba mhaith liom mo bhúiochas a ghabháil go háirithe leis an Aire Donnelly, Ray Dolan (Príomhoifigeach Eatramhach), leis an bhfoireann fheidhmeannach, agus le Comhghleacaithe an Bhoird as a dtacaíocht luachmhar i rith na bliana.

Patricia Byron

Comhaltaí Boird

Comhaltaí Boird



Patricia Byron
Cathaoirleach an Bhoird



Caroline Barlow



John Armstrong



John Evans



Michael A. O'Sullivan



Damien McShane



Michael Harnett

Tá Cathaoirleach (Patricia Byron) agus seisear gnáthchomhaltaí san Údarás Árachas Sláinte (HIA), arna gceapadh go léir ag an Aire Sláinte. Ceapadh comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhsí idir trí bliana agus cúig bliana agus tagann siad le chéile ocht n-uaire ar a laghad in aghaidh na bliana.

Tá fochoiste amháin ag an mBord, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR). Is í Caroline Barlow Cathaoirleach an CIR. Is iad Michael A. O'Sullivan agus John Evans comhaltaí eile an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca amhail an 31 Nollaig 2023.

Ráiteas na bPríomhfheidh meannaigh



Ray Dolan

Príomhoifigeach Eatramhach/Cláraitheoir

I rith 2023, lean líon na ndaoine a bhfuil árachas sláinte acu in Éirinn ag ardú go 2.48m duine. Is ionann an figiúr sin agus 47% den daonra iomlán, rud a léiríonn an tábhacht leanúnach na hearnála do sciar suntasach de mhuintir na hÉireann agus, dá bharr sin, ról tábhachtach an HIA maidir le rialú na hearnála.

Ag teacht lenár dtosaíocht maidir le muinín an tomhaltóra a chothú agus iad a chumhachtú chun cinntí eolasacha a dhéanamh, mhéadaíomar an scóip agus minicíocht faisnéise faoin margadh a fhoilsímid. Cuimsíodh leis sin ár suirbhé tomhaltóra a foilsíodh ag deireadh na bliana, ár dTuarascáil Bhliantúil ar an Margadh don bhliain 2022, agus tuarascálacha ráithiúla le faisnéis faoin margadh agus faoi phleananna árachais sláinte. Chomh maith le nuashonruithe rialta a fhoilsiú ar ár suíomh gréasáin (www.hia.ie) maidir le hathruithe ar shonraí phleananna árachais sláinte, thug an HIA a shuíomh Gréasáin chun dáta i mí Eanáir 2023 d'fhonn go mbeadh sé níos éasca do dhaoine teacht ar fhaisnéis faoi phleananna, aistriú pleananna, pobalrátú ar feadh an tsaoil, clúdach a bhriseadh, agus ábhair eile. In 2023, bhí beagnach 240,000 úsáideoir uathúil ag an suíomh gréasáin HIA. Is é an uirlis comparáide an chuid den suíomh gréasáin is mó a dtugtar cuairt uirthi, lena gceadaítear do thomhaltóirí comparáid a dhéanamh ar na sochair agus praghsanna na bpleananna go léir atá ar fáil ar an margadh, agus b'iad "tréimhsí feithimh", "pobalrátú ar feadh an tsaoil", agus "ceisteanna coitianta" na leathanaigh eolais tomhaltóra a raibh an tóir is mó orthu. Chaith tomhaltóirí 3:05 nóiméad ar an meán ar ár suíomh.

Is cainéal cumarsáide tábhachtaí eile iad na meáin shóisialta don HIA. Úsáideann an HIA ceithre ardán meán sóisialta - Facebook, Instagram, X, agus LinkedIn. Cé go bhfuil na meáin shóisialta á n-úsáid ag an HIA le roinnt bliana, chuireamar béim nua ar na cainéil sin in 2023, agus chruthaíomar féilire ábhair le sceideal de dhá phostáil in aghaidh na seachtaine ar Facebook, Instagram, agus X, agus postáil amháin ar LinkedIn in aghaidh na míosa. Trí thús áite a thabhairt do na meáin shóisialta agus sceideal ábhair a bhunú, bhíomar in ann ár lucht leanúna ar gach ardán a mhéadú agus teacht ar níos mó tomhaltóirí.

Lean glaonna chuig líne chabhrach an HIA ag méadú in 2023, le 11,264 ag dul i dteagmháil le líne chabhrach an HIA chun cabhair a fháil. Cuimsíodh leis na príomhchúiseanna maidir le cén fáth a raibh daoine i dteagmháil linn ná comparáidí árachais sláinte, sonraí teagmhála árachóra, agus eolas maidir le pobalráit ar feadh an tsaol agus tréimhsí feithimh.

Lean feidhm rannpháirtíochta tomhaltóra an HIA le cumarsáid shoiléir agus sheasmhach do thomhaltóirí d'fhonn cabhair a thabhairt dóibh lena n-árachais sláinte ar líne agus as líne araon. Leanamar freisin le líon na dteagmhálacha díreacha le grúpaí tomhaltóirí agus pobail, gníomhaireachtaí fostóirí agus rialtas a mhéadú, chun cabhair a thabhairt dóibh tuiscint a fháil ar conas dul tríd an margadh árachais sláinte. Rinneamar é sin trí fhreastal ar imeachtaí amhail an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, agus trí chainteanna agus seimineáir ghréasáin a chur i láthair go pearsanta do thomhaltóirí.

Ag teacht lenár dtosaíocht maidir lenár ndaoine a fhorbairt chun torthaí éifeachtacha agus ardchaighdeán rialachais chorparáidigh a sheachadadh, d'aistrigh an Bord, an bhainistíocht agus an fhoireann chuig timpeallacht oibre hibrideach in 2022. Mar chuid den athbhreithniú ar ár straitéis IT in 2023 nuashonraíomar ár gcórais agus ár n-earraí crua chun seachadadh saoráideach seirbhíse sa timpeallacht seo a éascú, lena n-áirítear trí ghlacadh le bhogearraí néal-bhunaithe, bunuachar sonraí Azure-bhunaithe, agus earraí crua atá níos oiriúnaí do thimpeallacht hibrid. Táimid tiomanta do thimpeallacht thacúil a sholáthar dár bhfoireann lena gcinntítear go bhfuil an t-eolas agus na scileanna atá de dhíth orainn chun an ról atá againn de réir na reachtaíochta a chomhlíonadh, agus chun ár dtacaíocht do thomhaltóirí a fheabhsú go leanúnach. Mhéadaíomar líon na ndaoine atá fostaithe linn in 2023 de réir an cheadaithe a fuaireamar in 2022 agus thosaigh ár 18ú baill foirne in Eanáir 2024.

Tá an HIA freagrach as riarachán agus cothabháil an Chiste Comhionannaithe Riosca (“an Ciste”), tacaíocht bhunriachtanach don phobalráit. Mar chuid dár dtiomantas ár n-acmhainn dhigiteach a fheabhsú, chuir an HIA tús le tionscadal chun córas bainistíochta sonraí a chur i bhfeidhm chun éilimh ar an gCiste um Chothromú Fiontar a bhainistiú ar chaoi níos fearr agus chun feabhas a chur ar ár n-acmhainn anailís a dhéanamh ar shonraí margaidh agus sonraí éilimh. Mar gheall ar an gcastacht a bhaineann leis an gciste éileamh ardchostais, bhí sé ríthábhachtach don HIA infheistíocht a dhéanamh san acmhainn fheabhsaithe seo i rith 2022 agus chun leanúint ar aghaidh leis na feabhsuithe sin i rith 2023, lena gceadaítear don HIA an chiste éileamh ardchostais riosca go léir, lena n-áirítear creidmheasanna an chiste comhionannaithe riosca, a fhíorú agus a íoc go cruinn agus go hiontaofa.



*Is cainéal cumarsáide
tábhachtaí eile iad na meáin
shóisialta don HIA.
Úsáideann an HIA ceithre
ardán meán sóisialta -
Facebook, Instagram, X,
agus LinkedIn.*

Thug an Coimisiún Eorpach faomhadh do chreidmheas an chiste éileamh ardchostais a thabhairt isteach faoin Scéim Comhionannaithe Riosca toisc go raibh sé ag teacht leis na rialacha maidir le Státchabhair. Bhí na creidmheasanna nua i bhfeidhm i gcás éileamh a bhain le conarthaí a tionscnaíodh an 1 Aibreán 2022 nó ina dhiaidh sin. D'íoc an HIA éilimh an chiste éileamh ardchostais a raibh luach €14.5 milliún acu in 2023. Tháinig méadú in 2023 ar éilimh íoctha ag árachóirí, sochair tuairisceáin (na héilimh a cheadaítear a chur san áireamh sa Scéim Comhionannaithe Riosca) agus laethanta cóireála d'othair chónaitheacha in aghaidh an duine faoi árachas.

Mar gheall ar théarnamh cúraim sláinte níos moille ná mar a bhíodhas ag súil leis in 2022 agus fás níos airde sa bhallaíocht ná mar a bhíodhas ag súil leis, níor creimeadh go hiomlán an barrachas a bhí tógtha suas sa Chiste Comhionannaithe Riosca i rith na paindéime. Mhol an HIA don Roinn Sláinte, dá bhrí sin, go n-úsáidfí cuid den bharrachas sin chun leibhéal na dleachta stampa a laghdú. D'fhaomh an Roinn Sláinte an laghdú sin ar dhleacht stampála agus tháinig sé i bhfeidhm i gcás conarthaí a eisíodh ón 1 Aibreán 2024 ar aghaidh.


Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil lenár bhfoireann as an obair chrua a rinne siad i rith bliana táirgiúla eile. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Roinn Sláinte as an gcabhair a thug siad i rith na bliana agus lenár bpáirtithe leasmhara go léir as tús áite a thabhairt do mhaoirseacht rialála éifeachtach ar an earnáil árachais sláinte príobháidí agus, tomhaltóirí a chumhachtú. Tá dúshlán le sárú againn fós, go háirithe an t-éileamh ar sheirbhísí sláinte agus ról an HIA a neadú mar fhreagra ar reachtaíocht nua amhail an Ciste Éileamh Ardchostais. Tá muintín orm go leanfaidh an HIA le bainistiú na ndúshlán sin go héifeachtach agus go n-éireoidh leis an fhís atá againn, margadh árachas sláinte dea-rialaithe a bhaint amach ar mhaithe le leas an tomhaltóra a chur i gcrích.

Ray Dolan

Ár bhFís Straitéiseach

Cuirtear lenár bplean straitéiseach le haghaidh 2022-2024 san áireamh ról an HIA mar rialtóir, mar sholáthraí faisnéise do thomhaltóirí, mar chomhairleoir don Aire Sláinte, mar chaomhnóir ar an gciste comhionannaithe riosca, agus mar eagraíocht inniúil, éifeachtach foghlama atá tiomanta do shárchaighdeáin rialachais.

Is straitéis uailmhianach í ár straitéis, agus táimid tiomanta í a chomhlíonadh. Táimid dírithe go háirithe ar rannpháirtíocht agus eolas tomhaltóra, agus an tábhachtach a bhaineann le ról an HIA maidir leis an gCiste Comhionannaithe Riosca a bhainistiú agus maoirseacht a dhéanamh ar phríomhghnéithe eile a bhaineann le rialachán árachais sláinte. Teastaíonn uainn go mbeadh eolas ag custaiméirí árachais sláinte faoina roghanna sa mhargadh árachais sláinte phríobháidigh agus go mbeadh a gcearta ar eolas acu. Teastaíonn uainn go mbeadh sé níos éasca do thomhaltóirí foghlaim faoi phleananna árachais sláinte agus cinntí a dhéanamh maidir leis an bplean atá oiriúnach dóibh. Déanaimid taighde margaidh fhorleathain chun cabhrú linn maidir leis an gcuspóir sin agus leanaimid le caidrimh láidre a chruthú lenár bpáirtithe leasmhara go léir d'fhonn muinín a thógáil agus a choimeád i ról an HIA.



1

Rialáil árachais sláinte dírithe ar thomhaltóirí a spreagadh



Rialáil árachais sláinte dírithe ar thomhaltóirí a spreagadh

Tá seirbhísí teicneolaíochta, sochaí, agus sláinte ag athrú go han-tapaidh, agus tá sé mar aidhm ag an HIA a chinntiú go bhfanann rialachán árachais sláinte oiriúnach do thimpeallacht agus riachtanais athraitheacha an tomhaltóra. Déanaimid measúnú leanúnach ar thimpeallacht an mhargaidh agus sainaitnímid athruithe riachtanacha ar rialacháin ionas go mbeidh an Scéim Comhionannaithe Riosca oiriúnach don fheidhm i gcónaí agus go soláthrófar léi na príomhchuspóirí beartais maidir le pobalrátú, clúdach saoil, rollú oscailte agus sochair íosta.

1.1 Struchtúr rialála an mhargaidh

Tá córas rialála um árachas sláinte phríobháideach na hÉireann bunaithe ar na príomhphrionsabail de phobalrátú, de rollú oscailte, de chumhdach ar feadh an tsaoil agus de shochair íosta. Tá sé mar aidhm aige chun a chinntiú nach gcosnaíonn árachas sláinte níos mó dóibh siúd is mó gá. Is córas neamhchistithe é, agus ciallaíonn sé sin nach ndéantar aon chiste a fhorbairt thar shaol an duine faoi árachas chun costais na n-éileamh lena bhfuiltear ag súil a chumhdach. Ina ionad sin, cuireann gach árachóir an t-airgead a íocann daoine faoi árachas i dtoll a chéile agus tógtar costas na n-éileamh in aon bhliain airithe ón gciste sin.

Ciallaíonn pobalrátú nach ndéanann an leibhéal riosca a bhíonn ag tomhaltóirí áirithe d'árachóirí aon difear don phréimh a íocann siad.

Ciallaíonn pobalrátú nach ndéanann an leibhéal riosca a bhíonn ag tomhaltóirí áirithe d'árachóirí aon difear don phréimh a íocann siad. Gearrtar an phréimh chéanna ar gach duine as plean áirithe, beag beann ar aois, inscne agus staid reatha a sláinte nó staid dóchúil a sláinte sa todhchaí, faoi réir eisceachtaí maidir le leanaí faoi 18 mbliana d'aois, lascaí do bhaill de scéimghrúpaí, daoine fásta óga agus ualaithe pobalrátaithe ar feadh an tsaoil.

Ciallaíonn rollú oscailte agus cumhdach saoil, seachas in imthosca thar a bheith teoranta atá sonraíte sa reachtaíocht, nach mór d'árachóirí árachais sláinte iarratasóirí uile ar árachas sláinte a ghlacadh agus ráthaítear an ceart do thomhaltóirí uile ar athnuachan a bpolasaithe beag beann ar a n-aois nó ar staid a sláinte. Má chuireann árachóir sláinte deireadh le plean ar leith, tá rialacha dochta ann maidir le cé chomh cosúil nach mór don phlean malartach a thairgtear don thomhaltóir.

Faoi na Rialacháin um Shochair Íosta, ní mór íosleibhéal áirithe de shochair a sholáthar le táirgí árachais uile lena soláthraítear cumhdach do chóireáil d'othair chónaitheacha in ospidéal. Meastar go bhfuil sé riachtanach an t-íosleibhéal sochar a rialáil mar gheall ar nádúr casta agus speisialaithe táirgí árachais sláinte phríobháidí. Gan rialachán, tá baol ann go gcuirfí táirgí ar fáil do thomhaltóirí nach gcuireann leibhéal clúdaigh sách cuimsitheach ar fáil.

Is éard atá i pobalrátú ar feadh an tsaoil ná córas trína n-ardaíonn an phréimh a íocann daoine as árachas sláinte leis an aois ina dtéann siad isteach sa mhargadh árachais sláinte phríobháidigh, ach ní athraíonn sé maidir lena n-aois reatha. Tugadh pobalrátú ar feadh an tsaoil isteach i margadh árachais sláinte phríobháideach na hÉireann ar an 1 Bealtaine 2015 agus leasuithe ann in 2018. Tá ualaithe i bhfeidhm do dhaoine atá níos sine ná 34 bliain d'aois a thógann árachas sláinte príobháideach d'othair chónaitheacha amach den chéad uair tar éis 30 Aibreán 2015 Mar sin féin, sonraítear sa reachtaíocht na cúinsí áirithe faoina bhféadfadh duine tréimhsí creidmheasa a fháil a d'fhéadfadh an t-uail atá á chur i bhfeidhm a laghdú nó a bhaint as.

1.2 Forbairtí rialála in 2023

Achtaíodh an tAcht Árachais Sláinte (Leasú) 2023 i Nollaig 2023. Leasaigh sé an tAcht Árachais Sláinte 1994 mar seo a leanas:


- Chun méid na gcreidmheasanna a shonrú a bheidh le híoc as an gCiste Comhionannaithe Riosca maidir le haicmí áirithe daoine faoi árachas ón 1 Aibreán 2024.
- Chun méid na gcreidmheasanna a bhaineann le sláinte a shonrú a bheidh le híoc as an gCiste Comhionannaithe Riosca maidir le héilimh áirithe ón 1 Aibreán 2024.
- Chun leasú a dhéanamh mar gheall air sin ar an Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999.
- Chun foráil a dhéanamh do ghnóthaí gaolmhara.

1.2.1 An Scéim um Chomhionannú Riosca

Is éard is creidmheas comhionannaithe riosca ann ná íocaíocht le hárachóirí sláinte a dhéantar as an gCiste Comhionannaithe Riosca. Déantar na híocaíochtaí sin chun tacú le pobalrátú, rollú oscailte, agus clúdach ar feadh an tsaoil. Faoin bpobalrátú, ní mór do chomhlachtaí árachais sláinte an phréimh chéanna a ghearradh ar gach tomhaltóir ar leibhéal áirithe clúdaigh. Íocann árachóirí dleacht stampála isteach i gCiste Comhionannaithe Riosca chun an riosca a roinnt i measc na n-árachóirí sláinte d'fhonn tacú le pobalrátú.



**321
phlean**



47.6%


Bhí árachas sláinte príobháideach ag 47.6% den daonra i mí na Nollag 2022

1.3 Margadh árachais sláinte na hÉireann in 2023

Déanann an HIA monatóireacht agus taighde ar an margadh árachais sláinte agus earnálacha gaolmhara in Éirinn. Soláthraítear lenár sonraí ar phraghsanna, ar chustaiméirí, ar phleananna, ar éilimh a íocann árachóirí sláinte agus ar fhaid fanachta othair in ospidéal léargas iontach ar an margadh, lena gceadaítear dúinn eolas a thabhairt do thomhaltóirí faoi na roghanna atá ar fáil dóibh, chomh maith le cuidiú linn tuiscint a fháil ar conas a idirghníomhaíonn tomhaltóirí leis an margadh. Mar gheall ar an tuiscint sin táimid in ann a aithint cad iad na rialacháin go bhféadfadh gá a bheith ann a oiriúnú do choinníollacha athraitheacha sa mhargadh.


1.3.1 Méid an Mhargaidh

Tá an clúdach árachas sláinte ag fás fós ach tá moilliú ag teacht ar an bhfás. Ag deireadh 2023, bhí árachas sláinte ag 2.48 milliún duine (lena n-áirítear páistí), is méadú 1.6% é sin ar Nollaig 2022. Is ionann sin agus beagnach leath den daonra in Éirinn (47%) a raibh árachas sláinte acu in 2023. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gurb é an chúis le méadú ó 2022 go 2023 ná go raibh méadú suntasach ar an daonra iomlán a bhfuil cónaí orthu in Éirinn a ríomhadh ó thorthaí daonáirimh an CSO i Meán Fómhair 2023. Ar an gcúis sin, tá laghdú tagtha ar an bhfigiúr den daonra iomlán a bhfuil árachas sláinte acu, tá líon na ndaoine a bhfuil árachas sláinte acu ag méadú fós, áfach.




Fíor 1: Meánchéatadán bliantúil den daonra atá árachaithe.

Tá laghdú ag teacht ar chéatadán na bpáistí a bhfuil árachas sláinte acu le cúpla bliain anuas. In 2023, leanadh leis an treocht seo le líon na bpáistí faoi árachas, agus is é meánchéatadán na bpáistí faoi árachas 21.9% faoi láthair.



Fíor 2: Meánchéatadán bliantúil de pháistí faoi árachas.


Agus aoisghrúpaí á gcur i comparáid le chéile, is féidir linn a fheiceáil go bhfuil céatadán níos ísle acu siúd 18-39 bliain d'aois ó thaobh daoine a bhfuil árachas acu i gcomparáid leis an meán thar gach aoisghrúpa (45.4%) San am céanna tá céatadán níos airde acu siúd 60-84 bliain d'aois ó thaobh daoine a bhfuil árachas acu (níos mó ná 50%).



Fíor 3: Dul i bhfód ar an margadh de réir aoise.

Tá an sciar den mhargadh is mó fós ag Vhi Healthcare agus ag deireadh na bliana bhí 48.9% acu. Lean Laya Healthcare ag cur lena sciar den mhargadh in 2023, agus tá sé 28% faoi láthair. Fanann Irish Life Health seasta ag 20.5% agus Gnóthais Ballraíochta Teoranta (RMUanna) ag 2.7%. Ní chuireann RMUanna cúram sláinte ar fáil ach amháin do bhaill de ghrúpa áirithe agus de ghnáth is fostóir-bhunaithe iad.


Tá an sciar is mó den mhargadh ag Vhi Healthcare, ach níl a sciar den mhargadh ag méadú go suntasach. San am céanna tá an méadú ráithiúil agus bliantúil is mó ag Laya Healthcare ag 0.6% agus 3% faoi seach. Is é cúis leis an meath suntasach RMU in uimhreacha ná dúnadh na scéime ag tús 2023.



Fíor 4: Sciar margaidh na n-árachóirí.


1.3.2 Ioncam préimhe na n-árachóirí sláinte agus costais a bhaineann le héilimh cúraim sláinte.

Tá méadú tagtha ar ioncam préimhe iomláine le 12 mhí anuas agus is 3.2 billiún euro an figiúr anois. Is féidir é seo a shannadh ar mhéaduithe ar phraghsanna a chuir na trí árachóir go léir i bhfeidhm ag pointí éagsúla ó thús 2023 agus líon measartha méadaitheach na ndaoine a bhfuil árachas sláinte á cheannach acu le 12 mhí anuas. Tháinig méadú 15% ar leibhéal iomlán na n-éileamh íoctha ag árachóirí in 2023 i gcomparáid le 2022.



Fíor 5: Ioncam préimhe iomláine i gcomparáid le héilimh iomlána íoctha ag árachóirí sláinte 2023.

In 2023, 47% ab ea é na héilimh ar chóireáil in ospidéal phríobháideacha (suas beagán ó 46% in 2022) San am céanna tháinig laghdú ar éilimh ar ospidéal phoiblí go 15% in 2023 (ó 17% in 2022) Bhí éilimh ar chomhairleoirí mar an gcéanna leis an mbliain seo caite (19%), agus tháinig méadú ar éilimh ar Eile (lena n-áirítear éilimh d’othair sheachtracha, DG, agus éilimh eile) go 19% (ó 17% in 2022).



Fíor 6: Miondealú ar na héilimh a íocadh.

1.3.3 Forbairtí táirge agus praghas árachais sláinte

Ag deireadh 2023, bhí 350 plean gníomhach d’othair chónaitheacha ann: 313 ardphean agus 37 neamh-ardphean. In 2023, níor cuireadh deireadh le haon phean, agus cuireadh 23 plean nua isteach. D’fhan líon na ndaoine ar ardpheananna agus neamh-ardpheanna seasta den chuid is mó ón mbliain seo caite, le 92.4% de chustaiméirí ar ardpheananna agus 7.6% ar neamh-ardpheananna.

Tá 50% de dhaoine a bhfuil árachas sláinte acu ar cheann amháin de 30 plean. Dá bhrí sin, tá an rogha idir pleananna comhchruinnithe cé go bhfuil 350 plean sa mhargadh.

VHI:	Laya:	ILH:
<ul style="list-style-type: none"> PMI 35 13 Company Plan Plus Leibhéal 1.3 One+ Plan Public Plus Care day-to-day Company Plan Plus Leibhéal 1 Health Plus Extra Health Plus Access One Plan Family Enhanced Care 250 One Plan PMI 36 13 Enhanced Care 350 Company Plan Extra Leibhéal 2 Enhanced Care 150 Premium Care Public Plus Care 	<ul style="list-style-type: none"> Inspire Inspire Plus Simply Connect Simply Connect Plus Essential Health 300 Flex500 Explore Essential Connect Family Prime 	<ul style="list-style-type: none"> 4D Health 1 4D Health 2 4D Health 4 Horizon 2 Nature Plan ILH Benefit

Na 30 Plean is coitianta a bhíonn ag daoine

1.1.2022

€1,466

1.1.2023

€1,448

1.1.2024

€1,594

Tá méadú tagtha ar chostas a bhaineann le árachas sláinte i gcomparáid leis an mbliain seo caite. Ba é €1,594 an meánphréimh do dhaoine fásta ar an 1 Eanáir 2024, arb é sin méadú 10% ar an mbliain roimhe.

Tháinig méadú 10% ar an meánphréimh dóibh siúd faoi 65 bliain d'aois agus 11% dóibh siúd atá os cionn 65 bliain d'aois ón Eanáir 2023 go dtí Eanáir 2024. Tá daoine os cionn 65 bliain d'aois ag íoc 43% níos mó ar an meán ar árachas sláinte.

Tá méadú tagtha le blianta anuas ar an éileamh atá ar phleananna ina bhfuil srian ar roinnt sochair ardhphróifíle ortaipéideacha/oftalmacha (lena gciallaítear nach n-aisíocfaidh an t-árachóir costas an ghnáthaimh go hiomlán). Leanadh leis an treocht sin in 2023 le 66% de dhaoine a bhfuil árachas sláinte acu ag roghnú plean le clúdach ortaipéideach srianta. Tá na pleananna sin níos saoire de ghnáth ná pleananna a bhfuil srianta acu agus tá tóir orthu i measc daoine faoi 65 bliain d'aois, agus 73% den ghrúpa seo ag roghnú pleananna le sochair ortaipéideacha srianta.

2

Comhlíonadh & cuntasacht a chinntiú trí dhea- chleachtas rialála



Comhlíonadh agus cuntasacht a chinntiú

Is príomhthosaíocht don eagraíocht é muintín an phobail agus an tionscail i ról an HIA. Ceann de na bealaí ina gcothaímid muintín an phobail is ea a chinntiú go gcomhlíonann na hárachóirí a gcuid oibleagáidí faoin Acht Árachais Sláinte. Déanaimid é seo trí:

- An Scéim Comhionannaithe Riosca a bhainistiú.
- Íocaíochtaí faoin gCiste Comhionannaithe Riosca a phróiseáil.
- measúnú a dhéanamh ar cé acu an dtugtar róchúiteamh d'aon árachóir ón gCiste Comhionannaithe Riosca mar gheall ar an Scéim Comhionannaithe Riosca.
- comhlíonadh le gnéithe eile den reachtaíocht árachais sláinte a chinntiú.

2.1 An Scéim Comhionannaithe Riosca

Is próiseas é comhionannú riosca atá dírithe ar thabhairt faoi dhifríochtaí i gcostais éileamh na n-árachóirí a bhíonn ina dtoradh ar athruithe i stádas sláinte a mball. Is é atá i gceist le comhionannú riosca íocaíochtaí d'árachóirí nó uathu a bhaineann le próifíl riosca a mballraíochta. Tá an HIA freagrach as an gCiste Comhionannaithe Riosca a riar agus a chothabháil, rud a bunaíodh in 2013 faoin Acht Árachais Sláinte (Leasú) 2012.

Tá dhá phríomhfhéidhm ag an HIA faoin Scéim Comhionannaithe Riosca. Déanaimid moltaí don Aire gach bliain maidir le leibhéal na gcreidmheasanna iníochta faoin scéim agus dleacht stampála baintí, agus déanaimid bainistíocht ar an gCiste Comhionannaithe Riosca, faighimid éilimh ó na árachóirí, agus déanaimid íocaíochtaí ón gCiste Comhionannaithe Riosca.

Seo a leanas príomhghnéithe na Scéime um Chomhionannú Riosca:

- Tá creidmheasanna préimhe comhionannaithe riosca iníochta maidir le saolta níos sine faoi árachas; athraíonn siad ar bhonn aoise, inscne agus leibhéal an chumhdaigh.
- Tá creidmheasanna comhionannaithe riosca iníochta maidir le héilimh ospidéil, creidmheasanna úsáide ospidéil a thugtar orthu. Tá suim sheasta iníochta ón gCiste Comhionannaithe Riosca maidir le gach tréimhse othair chónaithigh thar oíche nó lae a chaitheann duine faoi árachas i lóistín in ospidéal príobháideach nó in ospidéal atá cistithe go poiblí nuair a bhíonn muirear iníochta faoi Alt 55 den Acht Árachais Sláinte 1970 maidir lena leithéid de thréimhse.
- Tugadh creidmheasanna an chiste éileamh ardchostais isteach in 2022 nuair a tugadh isteach an ciste éileamh ardchostais. Is éard atá i gceist leis seo ná cúiteamh a thabhairt go díreach d'árachóirí do bhaill a bhfuil a gcostas éilimh i dtréimhse 12 mhí i bhfad níos airde ná meánchostas an mhargaidh. Is í aidhm na scéime nua ná díriú ar éilimh ardchostais nach ndéantar go minic iad.

Cuireann na hárachóirí cláraithe éilimh agus tuairisceáin creidmheasanna comhionannaithe riosca faoi bhráid an HIA. Dearbhaímid na héilimh sin agus socraímid na suimeanna le híoc. Nuair atáimid sásta le méid na gcreidmheasanna comhionannaithe riosca atá dlite d'árachóir cláraithe, íocaimid an t-árachóir ón gCiste Comhionannaithe Riosca. B'ionann íocaíochtaí creidmheasa comhionannaithe riosca €805 milliún in 2023 (lena n-áirítear €14.5 milliún in íocaíochtaí a bhaineann leis an gciste éileamh ardchostais). B'ionann an dleacht stampa a íocadh isteach sa chiste in 2023 agus €798m.

2.2 Measúnú ar róchúiteamh

Déanaimid measúnú freisin ar cé acu an ndéantar aon árachóir a róchúiteamh faoin scéim comhionannaithe riosca, rud a chuireann ar a gcumas níos mó ná brabús réasúnta a thuilleamh. Tá sé sin bunaithe maidir le cé acu an sáraíonn tuairisceán árachóra ar olldhíolacháin d'athárachas agus gan gníomhaíochtaí infheistíochta a áireamh ráta tuairisceáin réamhshocraithe in aghaidh na bliana, arna ríomh ar bhonn rollach trí bliana. Má chinneann an HIA faoi na hAchtanna Árachais Sláinte go ndearnadh róchúiteamh ar árachóir, eisimid dréacht-tuarascáil don árachóir. Ansin tabharfaimid aon aighneachtaí arna bhfáil ón árachóir sin san áireamh sula ndéanfaidh sé cinneadh deiridh maidir le róchúiteamh. Cuirtear tuarascáil deiridh róchúiteamh ar fáil don Aire Sláinte. Ansin ní mór don árachóir méid an róchúiteamh a aisíoc leis an gCiste um Chomhionannú Riosca.

"Tuairiscímid ar aon réimsí neamhchomhlíonta agus tugaimid breac-chuntas ar na torthaí agus ar na bearta molta ba cheart don mhargadh a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíonadh seo"

Don tréimhse 2020-2022, an dá bhliain sin san áireamh, rinneamar meastóireacht agus anailís ar an bhfaisnéis a chuir na trí rannpháirtí sa Chiste um Chomhionannú Riosca ar fáil dúinn agus rinneamar cinneadh nach raibh na hárachóirí róchúiteamh mar thoradh ar an Scéim um Chomhionannú Riosca.

Leasaíodh na hAchtanna Árachais Sláinte chun an t-uastoradh incheadaithe ar bhrabús díolacháin thairbhíthe na Scéime Comhionannaithe Riosca a athrú go 4.9% don tréimhse trí bliana 2020-2022, 5.4% don tréimhse 2021-2023 agus 6% do thréimhsí trí bliana ina dhiaidh sin. Rinne an tAire Rialacháin in 2022 maidir le hullmhú ráiteas airgeadais ag árachóirí chun críocha an mheasúnaithe ar róchúiteamh.

2.3 Cigireachtaí

2.3.1 An Ciste um Chomhionannú Riosca

Déanaimid iniúchtaí bliantúla ar gach ceann de na gnóthais chláráithe chun a áirithiú go gcomhlíontar rialacháin an Chiste um Chomhionannú Riosca. Tuairiscímid ar aon réimsí neamhchomhlíonta agus tugaimid breac-chuntas ar na torthaí agus ar na bearta molta ba cheart don mhargadh a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíonadh seo.

Léirítear leis na hiniúchtaí sin an tábhacht a bhaineann le slándáil agus riarachán éifeachtach an Chiste um Chomhionannú Riosca, agus lena chinntiú go bhfuil rialuithe láidre i bhfeidhm chun éilimh ar an Scéim um Chomhionannú Riosca a fhíorú agus a íoc.

2.3.2 Lascaí do leanaí agus d'aoisigh óga

In 2023, rinne ÚÁS iniúchtaí ar árachóirí chun a chinneadh cé acu a bhí rialacháin árachais sláinte á gcomhlíonadh ag a bpréimheanna do leanaí agus d'aoisigh óga nó nach raibh. Ní mór praghsanna do leanaí a lascaíniú faoi 50% ar a laghad sula gcuirtear faoiseamh cánach i bhfeidhm ag an bhfoinse. Is féidir praghsanna d'aoisigh óga (18-26) a lascaíniú, nó is féidir an phréimh iomlán do dhaoine fásta a ghearradh. Má chuirtear lascaíniú d'aoisigh óga i bhfeidhm, ní mór leibhéal na lascaíne a bheith i gcomhréir leis na rátaí atá leagtha amach sa rialachán.

Chinn ÚÁS go raibh an ghné seo de na rialacháin á comhlíonadh go hiomlán ag gach árachóir.

3

**Muinín
tomhaltóirí a
chothú agus
tomhaltóirí a
chumasú chun
cinntí
eolasacha a
dhéanamh**



Muinín tomhaltóirí a chothú agus tomhaltóirí a chumasú chun cinntí eolasacha a dhéanamh

I bhfianaise líon mór na dtáirgí árachais sláinte atá ar an margadh, is féidir é a bheith deacair cinneadh a dhéanamh árachas sláinte a cheannach agus a athrú, agus is é aidhm ÚÁS tacú le tomhaltóirí agus an próiseas a dhéanamh chomh simplí agus is féidir. Cuirimid faisnéis agus treoir ar fáil do thomhaltóirí trínár suíomh gréasáin agus trínár n-uirlis chomparáide araon, agus trínár líne chabhrach do thomhaltóirí agus trínár gcainteanna agus imeachtaí pearsanta. Is bealach tábhachtach é do ÚÁS faisnéis shaor, chuimsitheach, chruinn a sholáthar chun baill den phobal a chur ar an eolas faoina gcearta mar thomhaltóirí árachais sláinte agus chun tomhaltóirí a chumhachtú chun cinntí eolasacha a dhéanamh.

Tá ról lárnach ag taighde maidir le riachtanais na dtomhaltóirí a thuiscint, agus úsáideann ÚÁS an t-eolas agus an tuiscint atá aige ar an margadh árachais sláinte lena fháil amach conas a idirghníomhaíonn tomhaltóirí leis an margadh, cad iad na treochtaí atá ann faoi láthair, agus cad iad na bacainní atá ann maidir le comparáid a dhéanamh idir táirgí agus maidir le soláthraithe a athrú. Léiríonn taighde a rinne an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta thar ár gceann go bhfuil leibhéal shuntasacha mearbhaill ar chustaiméirí faoin gcaoi a n-oibríonn árachas sláinte, agus is é an aidhm atá againn feachtas ar ÚÁS a mhéadú mar údarás iontaofa a chuireann tacaíocht ar fáil do thomhaltóirí agus a d'fhéadfadh cabhrú leo rogha eolasach a dhéanamh. Úsáideann ÚÁS raon leathan straitéisí rannpháirtíochta chun teacht ar thomhaltóirí, lena n-áirítear feachtais chumarsáide, na meáin shóisialta, taighde tomhaltóirí, agus teagmháil dhíreach le tomhaltóirí agus le grúpaí páirtithe leasmhara.

3.1 Tuairimí maidir le hárachas sláinte

In 2023, rinne Ipsos Behaviour & Attitudes suirbhé thar ceann ÚÁS ag féachaint ar an éileamh ar árachas sláinte in Éirinn agus ar dhearcthaí agus ar thuairimí an phobail ina leith. I measc na bpríomhthorthaí ón suirbhé tá:

Cé aige a bhfuil árachas sláinte?

- Tá 22% de na sealbhóirí polasaí go léir os cionn 65 bliana d'aois.
- Tá os cionn duine as gach triúr (35%) mar chuid de scéim grúpa oibre, agus íoctar as an bpolasaí ina iomláine i gcás beagnach a leath acu (44%), gan aon rogha ó thaobh árachóirí sláinte de.
- I measc iad siúd nach bhfuil árachas sláinte acu, bhí sé ag 16% acu roimhe sin, ach tá sé curtha ar ceal acu. Is í an phríomhchúis le polasaithe a chur ar ceal nó gan árachas sláinte a bheith acu riamh ná inacmhainneacht, agus ceann breise as gach deichniúr a luann easpa luach ar airgead.

Chun árachas sláinte a thógáil amach nó gan árachas sláinte a thógáil amach?

- Meastar gur riachtanas seachas rogha é árachas sláinte, agus deir triúr as gach cúigear gurb amhlaidh atá. Creidtear go daingean i gcónaí go gcuireann árachas sláinte ar chumas daoine rochtain a fháil ar sheirbhísí cúram sláinte níos fearr agus rochtain thapa a fháil ar na seirbhísí sin.
- Tá ról na bhfostóirí ríthábhachtach i gcás go leor daoine ó thaobh árachas sláinte a bheith acu – luann beagnach duine as gach cúigear gurb é seo an phríomhchúis go bhfuil polasaí acu. Tá seirbhísí poiblí a bhraitear (neamhleor) agus easpa rochtana/amanna feithimh ina spreagadh tábhachtach freisin maidir le hárachas sláinte a thógáil amach.
- Is é an buntáiste uileghabhálach a bhaineann le hárachas sláinte a bheith agat ná rochtain ar ghnáthaimh in ospidéal phríobháideacha, agus cumhdach do sheomraí leathphríobháideacha/príobháideacha mar othar cónaitheach ina dhiaidh sin.
- Deir duine as gach triúr nach scarfaidís choíche lena n-árachas sláinte. Baineann tosca a spreagadh neamh-athnuachan le costas/inacmhainneacht nó seirbhís sláinte fheabhsaithe.

Tuairimí maidir le sochair, le costas agus le seirbhísí

- Tá méadú tagtha ar mheánchostas braite na mbeartas, rud a léiríonn méaduithe préimhe le déanaí.
- Is dóigh leis an tromlach nach bhfuil na méaduithe cuí ná nach bhfuil údar maith leo.
- Is dóichí i bhfad go mbeidh daoine os cionn 55 bliana d'aois ag íoc i bhfad níos mó as a n-árachas sláinte. Tá an aoisghrúpa seo sásta préimh i bhfad níos airde a íoc freisin.
- Tá sealbhóirí polasaí is sásta lena soláthraí árachais, agus le leibhéal na seirbhíse do chustaiméirí a fhaigheann siad. Is iad sealbhóirí polasaithe níos sine (55+) is mó atá sásta leis an réimse táirgí agus seirbhísí agus leis an gcumhdach foriomlán a fhaightear.
- Admhaíonn 44% go bhféadfadh sé a bheith deacair a thuiscint conas a oibríonn árachas sláinte, agus an téarmaíocht a úsáidtear.

Chun athrú nó gan athrú?

- Ina measc iad siúd a bhfuil árachas sláinte acu, is é 20 bliain an meánfhad ama a mbíonn a bpolasaí acu. Agus ardleibhéal dílseachta branda á léiriú, is é 15 bliana an meánfhad ama a bhíonn siad lena soláthraí reatha.
- Choinneáil beagnach triúr as gach ceathrar a leibhéal cumhdaigh gan athrú le bliain anuas, agus tá sé beartaithe ag seachtar as gach deichniúr an leibhéal cumhdaigh a fhágáil gan athrú sa bhliain amach romhainn.
- Níor athraigh 71% acu an soláthraí riamh agus maíonn 26% acu gur athraigh siad an soláthraí.
- Is é coigilteas costais fós an príomhspreagadh chun soláthraí árachais sláinte a athrú, agus leibhéal cumhdaigh/seirbhísí ina dhiaidh sin. Theastódh coigilteas costais 22% ó shealbhóirí árachais sláinte chun athrú a dhéanamh.
- Tá níos mó ná a leath díobh siúd a bhfuil árachas sláinte acu ag súil go mbeidh sé measartha éasca nó an-éasca an soláthraí a athrú. Mar sin féin, braitheann 15% acu go bhfuil sé deacair athrú a dhéanamh.
- Dóibh siúd nach ndearna athrú, is iad na cúiseanna atá acu le fanacht dílis ná go bhfuil siad sásta lena soláthraí reatha (27%), nó go gcreideann siad nach mbeadh aon choigilteas suntasach costais ann.

3.2 Líne chabhrach faisnéise do thomhaltóirí

Is féidir le tomhaltóirí teagmháil a dhéanamh le ÚÁS ar an bhfón agus trí ríomhphost le haon cheisteanna nó gearáin faoi árachas sláinte. In 2023 fuair ÚÁS 11,264 fiosrú agus gearán ó bhaill den phobal. Ba é an chúis ba choitianta a ndeachaigh tomhaltóirí i dteagmháil linn ná iarraidh ar chomparáid a dhéanamh idir táirgí árachais sláinte (56% de na fiosruithe iomlána).

I measc na gceisteanna coitianta eile bhí na nithe seo a leanas:

- Sonraí teagmhála an árachóra
- Pobalrátú ar Feadh an tSaoil
- Tréimhsí feithimh
- Árachas sláinte a cheannach tar éis aistriú go hÉirinn

3.3 Uirlis um chomparáid suíomhanna gréasáin agus praghsanna

Cuireann ár suíomh gréasáin faisnéis dhomhain neamhchlaonta ar fáil do thomhaltóirí maidir le raon saincheisteanna árachais sláinte, lena n-áirítear rátáil phobail ar feadh an tsaoil, pleananna cealaithe agus athraithe, tréimhsí feithimh, agus gearán a dhéanamh. Tá uirlis um chomparáid árachais sláinte ag an suíomh gréasáin freisin a sholáthraíonn sonraí faoi gach plean atá ar an margadh, rud a chuireann ar chumas tomhaltóirí pleananna a chur i gcomparáid lena chéile ar bhonn praghsais, leibhéal an chumhdaigh, barrachais agus an iliomad sochar eile. Is féidir le tomhaltóirí suas le ceithre phlean a chur i gcomparáid ag an am céanna taobh le taobh ar raon gléasanna.

In 2023, bhí thart ar 240,000 úsáideoirí uathúla ag ár suíomh gréasáin. Ba í an uirlis chomparáide an chuid ba mhó ar tugadh cuairt uirthi ar an suíomh gréasáin, agus ba iad “Tréimhsí feithimh”, “Rátáil phobail saoil”, agus “Ceisteanna coitianta” na leathanaigh faisnéise tomhaltóra ba mhó éileamh. Chaith tomhaltóirí 3:05 nóiméad ar an meán ar ár láithreán.

3.4 Imeachtaí

Ghlac ÚÁS páirt sa Chraobhchomórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i gContae Laoise ón 19-21 Meán Fómhair 2023. Ba dheis uathúil í seo chun idirghníomhú le cuid dár bpríomhdhéimeagrafaic sprice. Bhí foireann ÚÁS in ann cabhrú le tomhaltóirí le fiosruithe agus comparáidí árachais sláinte pearsanta a thabhairt. Tar éis gur éirigh go maith leis an imeacht seo, ghlacamar páirt freisin sa 50 Plus Show i Luimneach i mí na Samhna, agus tá sé i gceist againn freastal ar imeachtaí den chineál céanna in 2024.



Fíor 7: Brittany Fry ag déanamh comparáid árachais sláinte le baill an phobail ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.




Fíor 8: Foireann ÚÁS ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta. Ó chlé go deas: Laura Reidy, Sinead Pembroke, Leah Byrne, agus Brittany Fry.

3.5 Na meáin agus fógraíocht

3.5.1 Fógraíocht

Is é aidhm ár bhfeachtais cumarsáide 2023/2024 feachtas níos fearr a chothú ar ÚÁS mar údarás iontaofa, agus ár suíomh gréasáin a fhógairt mar fhoinsé faisnéise neamhspleách saor in aisce faoi gach gné d'árachas sláinte. Rinneamar na sócmhainní a cruthaíodh dár bhfeachtas 2022/2023 a athúsáid leis an gcarachtar lárnach “Daid” agus an chliblíne “Níl ach údarás amháin ann don árachas sláinte agus is muidne é – an tÚdarás Árachais Sláinte”, agus chruthaíomar fógraí raidió nua freisin i mBéarla agus i nGaeilge araon faoin téama seo ach thugamar carachtair nua isteach. Shroich muid tomhaltóirí trí mheáin éagsúla, lena n-áirítear raidió, físeáin dúchais i bpodchraoltaí, físeáin ar éileamh, agus taispeáint dhigiteach. Chomh maith leis sin, chuamar i dteagmháil lenár dtomhaltóirí le linn na bliana agus úsáid á baint as fógraíocht cuardaigh íoc ar chlic agus fógraíocht ar na meáin shóisialta.



Fíor 9: Fógra taispeána digiteach.


3.5.2 Clúdach sna meáin agus raidió

D'eisigh ÚÁS roinnt preaseisiúintí agus ráiteas ó na meáin in 2023 faoinár ngníomhaíocht agus faoinár dtaighde féin agus mar fhreagairt ar nuashonruithe tionscail. Bhíomar le feiceáil i roinnt foilseachán náisiúnta agus réigiúnach agus fuairamar iarratais ar bharúil uathu, lena n-áirítear an Irish Independent, an Irish Times, agus RTÉ. Thug baill na foirne bainistíochta agus an Bhoird agallaimh ar stáisiúin náisiúnta agus áitiúla araon, rud a thug deis dúinn ár dteachtaireachtaí a scaipeadh ar fud na tíre agus ár bpróifíl a ardú mar rialtóir an árachais sláinte phríobháidigh.

3.5.3 Na meáin shóisialta

Chomh maith le fógraíocht íoctha ar na meáin shóisialta, phostálar mar ábhar orgánach (neamhíoctha) ar cheithre ardán meán sóisialta le linn na bliana – LinkedIn, Facebook, Instagram, agus X. Cé go bhfuil ÚÁS ag baint úsáid as na meáin shóisialta le roinnt blianta anuas, in 2023 chruthaíomar féilire ábhair le sceideal de dhá phostáil in aghaidh na seachtaine ar Facebook, Instagram, agus X, agus postáil amháin in aghaidh na míosa ar LinkedIn. Trí thús áite a thabhairt do na meáin shóisialta agus sceideal ábhair a bhunú, bhíomar in ann ár lucht leanúna ar gach ardán a mhéadú agus teacht ar níos mó tomhaltóirí. In 2023, bhaineamar 35.6 mhilliún taispeáint amach ar Facebook, agus shroicheadar 1.6 mhilliún duine ar Instagram.

Bhaineamar úsáid as na hardáin seo chun faisnéis úsáideach a roinnt faoi ghnéithe éagsúla a bhaineann le hárachas sláinte, mar shampla leideanna chun polasaí a roghnú agus bealaí chun airgead a shábháil, agus chun taighde agus nuacht tionscail a roinnt. Rinneamar postálacha faoi imeachtaí atá le teacht freisin. Chuireamar béim ar leith ar ár lucht leanúna a fhorbairt ar LinkedIn. Sna blianta roimhe seo, d'úsáideamar LinkedIn den chuid ba mhó chun folúntais poist a fhógairt, ach in 2023 thosaíomar ag postáil níos minice faoi árachas sláinte i gcoitinne agus fuairamar os cionn 150 leantóirí.



Fíor 10: Fógra Instagram.



Fíor 11: Postáil LinkedIn.

4

**Infheistíocht a
dhéanamh in
acmhainn
dhigiteach
chun ár
gcumas a
fheabhsú**



Infheistíocht a dhéanamh in acmhainn dhigiteach chun ár gcumas a fheabhsú

Tá ÚÁS tiomanta do na hacmhainní agus na cumais is gá a bhunú chun a chinntiú go bhforbraíonn agus go gcothaíonn sé bonneagar teicniúil atá slán, a bhfuil rochtain leathan air, agus atá oiriúnach le húsáid, agus a ligeann dár bhfoireann rochtain a fháil go héasca ar na córais agus ar an bhfaisnéis is gá.

4.1 Ár bpróisis a threisiú

4.1.1 Cibearshlándáil

Le mórimeachtaí cibearshlándála le déanaí cuir i gcás haiceáil FSS leagadh béim ar a thábhachtaí atá córas láidir cibearshlándála a bheith ann. Táimid ag cur le cosaint ár sonraí agus ár gcóras go leanúnach agus ag ardú feasachta ar an ról atá ag an bhfoireann inmheánach maidir leis an eagraíocht a chosaint ar chibearionsaithe. Tá freagraí láidre téarnaimh i bhfeidhm againn freisin chun tacú le pleananna leanúnachais gnó na heagraíochta.

Rinneadh iniúchadh ar ár n-ullmhacht maidir le cibearshlándáil in 2023 agus tá na moltaí uaidh sin fós á gcur i bhfeidhm.

4.1.2 Obair chumaisc

Ghlacamar polasaí oibre cumaisc in 2023 tar éis múnlaí oibriúcháin éagsúla a thriail in 2022 agus go luath in 2023. Is é an aidhm atá againn don timpeallacht oibre cumaisc táirgiúlacht agus comhoibriú a spreagadh san eagraíocht agus cothromaíocht oibre is saoil níos fearr a sholáthar don fhoireann ag an am céanna. Rinne na huasghráduithe ar bhonneagar eagrúcháin agus TF a rinne ÚÁS le linn phaindéim COVID-19 agus ina dhiaidh sin an t-athrú seo go bealach nua oibre a éascú agus tá straitéis nua TF agus prótacail nua curtha i bhfeidhm againn maidir le cibearshlándáil a fhreastalaíonn ar riachtanais na timpeallachta oibre cumaisc. Tá bearta fós á gcur i bhfeidhm chun tacú leis an obair chumaisc lena n-áirítear soláthar cruá-earraí, bogearraí agus bonneagar slándála nua-aimseartha iontaofa TF agus aistriú i dtreo ardáin dhigiteacha do gach próiseas.

4.2 Láidreacht an Chiste um Chomhionannú Riosca a mhéadú.

4.2.1 An Scéim Comhionannaithe Riosca

Bainistíonn ÚÁS méideanna suntasacha sonraí agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige. Áirítear leis sin sonraí éileamh ó na hárachóirí sláinte chun íocaíocht ón gCiste Comhionannaithe Riosca a éascú, agus faisnéis maidir leo siúd a bhfuil árachas sláinte acu. Le tabhairt isteach chreidmheas an chomhthiomsaithe éileamh ardchostais i mí Aibreáin 2022, cuireadh agus cuirfeadh i bhfad níos mó sonraí faoi bhráid ÚÁS mar chuid den mheasúnú ar éilimh an chomhthiomsaithe éileamh ardchostais. Tá méadú ag teacht ar chastacht na sonraí sin, rud atá ag teacht chun cinn i bpáirt as forbairtí na Scéime Comhionannaithe Riosca. B'ionann íocaíochtaí in 2023 maidir le creidmheasanna cothromaithe riosca agus €805 mhilliún (lena n-áirítear creidmheasanna comhthiomsaithe éileamh ardchostais de €14.5 mhilliún), agus b'ionann tobhaigh rátála pobail a íocadh isteach sa chiste in 2023 agus €798 milliún.

5

Ár ndaoine a
fhorbairt chun
torthaí
éifeachtacha agus
ardchaighdeán
rialachais
chorparáidigh a
chur ar fáil



Ár ndaoine a fhorbairt chun torthaí éifeachtacha agus ardchaighdeáin rialachais chorparáidigh a chur ar fáil

Aithníonn ÚÁS gurb iad a fhoireann an tsócmhainn is tábhachtaí atá aige. Tá sé mar aidhm againn ár bhfoireann a fhorbairt agus tacú leo go leanúnach chun cur lenár gcumas ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Cuirimid ardchaighdeáin rialachais i bhfeidhm inár n-oibríochtaí, agus déanaimid riosca a bhainistiú go gníomhach.

5.1 Ár ndaoine a fhorbairt

Táimid bródúil as cáilíocht, taithí, eolas agus tiomantas ár bhfoirne. Chun struchtúr nua na heagraíochta a chur i bhfeidhm mar atá leagtha amach inár straitéis agus an eagraíocht a athstruchtúró ó mhúnla trí rannán go múnla ceithre rannán, rinneamar roinnt feachtas earcaíochta in 2023 agus líonamar ról éagsúla, lena n-áirítear Ceann Cumarsáide agus Rannpháirtíochta Páirtithe Leasmhara, Ceann na Cothromaíochta Riosca, agus Ceann na nOibríochtaí. Mhéadaigh sé seo ár gcumas ár gcuspóirí a bhaint amach.



Fíor 12: Foireann ÚÁS. Ar chúl, ó chlé go deas: Fionnula Scanlon, Sandra Eaton, Christina Prendergast, Sinead Pembroke, Méabh Sexton, Eithne Rafferty, Síle Hanley, Ethelbert Ekoba, Cormac Delaney, Éanna O’Braonain, agus Michael McNaughton. Chun tosaigh, ó chlé go deas: Laura Reidy, Ray Dolan, Catherine O’Reilly, Eoin Livingston, agus Adrienne Smith

Tá forbairt ghairmiúil leanúnach ar cheann dár bpríomhthosaíochtaí agus cinntítear leis go mbíonn eolas agus scileanna laistigh den eagraíocht ag teacht go leanúnach le tosaíochtaí straitéiseacha ÚÁS. Chuireamar oiliúint agus cúrsaí forbartha gairmiúla ar fáil dár bhfoireann i gcaitheamh 2023. Tá uas-sciliú ár bhfoirne riachtanach chun an t-eolas atá ar fáil laistigh dár n-eagraíocht a fhorbairt agus lena chinntiú go bhfuil na scileanna agus na hinniúlachtaí riachtanacha againn chun ár gcuspóirí a bhaint amach.

D'oibríomar chun cultúr comhionannais, éagsúlachta agus cuimsitheachta a chur chun cinn ar fud ár n-eagraíochta agus chuireamar folláine na foirne chun cinn go gníomhach, rud a bhí thar a bheith tábhachtach i dtimpeallacht na hoibre cumaisc. Rinneamar bearta chun spriocanna forbartha inbhuanaithe 3 agus 12 na Náisiún Aontaithe a chur i bhfeidhm trí sneaiceanna sláintiúla a sholáthar, gluaiseacht a spreagadh, agus ár múiríniú agus ár n-athchúrsáil a mhéadú. Chomh maith leis sin, d'eagraíomar díospóireachtaí míosúla neamhfhoirmiúla inar labhair baill foirne faoina róil agus faoin obair leanúnach a dhéanann siad chun tuiscint agus comhoibriú idir foirne éagsúla a mhéadú.

5.2 Rialachas corparáideach

5.2.1 An cód cleachtais um rialachas corparáideach

Comhlíonann ÚÁS an Cód Cleachtais athbhreithnithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) a tháinig i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2016.

5.2.2 Eitic in oifigí poiblí

Tá ÚÁS san áireamh le hIonstraim Reachtúil Uimh. 699 de 2004 chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. Chomhlíon comhaltaí Bhord ÚÁS agus foireann ábhartha ÚÁS a gcuid oibleagáidí faoin reachtaíocht sin.

5.2.3 Nochtadh cosanta

I gcomhréir le hAlt 21 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, bhunaigh ÚÁS nósanna imeachta agus coimeádann sé iad ionas gur féidir le fostaithe reatha nó le hiar-fhostaithe nochtadh cosanta a dhéanamh maidir le ÚÁS agus a chuid oibre agus chun déileáil le nochtadh mar sin. Soláthraíodh faisnéis i scríbhinn faoi na nósanna imeachta sin do na fostaithe uile. Tá beartas ÚÁS ar fáil ar a láithreán gréasáin ag www.hia.ie/about-us/governance.

In 2023, ní dhearnadh nochtadh ar bith do ÚÁS faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014.

5.2.4 Cearta an duine agus comhionannas

I gComhréir le hAlt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, bhunaigh ÚÁS nósanna imeachta agus coimeádann sé iad chun deireadh a chur le leithcheal, comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna a chosaint de chuid daoine a úsáideann seirbhísí ÚÁS, daoine atá buailte lena bheartais agus daoine atá fostaithe ag ÚÁS.

In 2023 ní dhearnadh nochtadh ar bith do ÚÁS faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

5.2 Na teangacha oifigiúla

Dhaingnigh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta an dara Scéim Teanga de chuid an Údaráis Árachais Sláinte 2020-2023 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2020. Sa scéim leagtar amach na bearta a ghlacfar chun a áirithiú go soláthrófar seirbhísí nach bhfuil ar fáil trí mheán na Gaeilge sa teanga sin laistigh den fhráma ama comhaontaithe.

5.2.6 Saoráil faisnéise agus ceisteanna ón Oireachtas

Leanann an HIA lena oibleagáidí a chomhlíonadh maidir leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. In 2023, fuair ÚÁS sé iarratas um shaoráil faisnéise. Díobh seo, deonaíodh trí cinn i bpáirt, deonaíodh dhá cheann, agus díultaíodh ceann amháin. Chuir ÚÁS faisnéis ar fáil le haghaidh cúig cheist déag ón Oireachtas freisin.

5.2.7 Tuarascáil bhliantúil agus cuntais bhliantúla

Ullmhaíodh na cuntais bhliantúla le haghaidh 2023 don ÚÁS agus don Chiste um Chomhionannú Riosca araon (arna riar ÚÁS) agus cuireadh faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iad le haghaidh iniúchta. Rinne an oifig sin na cuntais seo a iniúchadh agus a fhaomhadh agus tá siad leagtha amach i gCuid 6 den tuarascáil seo.

5.2.8 An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca/iníúchadh inmheánach

Tá feidhmeanna ÚÁS leagtha amach in Alt 21(1) de na hAchtanna Árachais Sláinte. Bhunaigh an Bord Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) a bhfuil mar fheidhm aige tacú le ÚÁS maidir leis an fhreagracht dá chuid as saincheisteanna a bhaineann le riosca, rialú agus rialachas agus le hárachas gaolmhar.

Tháinig an CIR le chéile ceithre huair in 2023. Is féidir ballraíocht agus freastal ar chruinnithe den CIR le linn 2023 a fháil sa Ráiteas Rialachais i gCuid 6 den tuarascáil seo. Chomhaontaigh an CIR clár iniúchtaí inmheánacha agus le linn 2023 d'ordaigh an Coiste go ndéanfadh iniúcháirí inmheánacha ÚÁS arna gceapadh ag Mazars, roinnt iniúchtaí thar a cheann. Rinne na hiniúcháirí inmheánacha iniúchtaí ar leith ar na rialuithe airgeadais inmheánacha do ÚÁS agus don Chiste um Chomhionannú Riosca, athbhreithniú ar nósanna imeachta bainistíochta riosca, mar aon le hathbhreithniú ar rialuithe cibearshlándála. Cuireadh tuarascálacha maidir le gach iniúchadh ina raibh tuairiscí ar na hiniúchtaí, torthaí na n-iniúchtaí agus tráchtanna ón lucht bainistíochta faoi bhráid an CIR agus ÚÁS. Bhuaile an ARC leis na hiniúcháirí inmheánacha agus leis na hiniúcháirí seachtracha araon le linn na bliana. D'ullmhaigh bainistíocht ÚÁS pleananna gníomhaíochta chun tabhairt faoi thorthaí na n-iniúchtaí, agus rinne an CIR monatóireacht orthu sin.

Rinne an CIR maoirseacht ar na ráitis airgeadais bhliantúla agus ar shaincheisteanna a bhain leis an mbeartas cuntasáíochta, le bainistíocht riosca, le rialuithe inmheánacha agus le luach ar airgead.

5.3 Bainistíocht Riosca

Nochtar ÚÁS do rioscaí straitéiseacha, oibriúcháin agus airgeadais éagsúla agus a ról agus a fheidhmeanna á gcur chun feidhme aige. Tá sé mar aidhm againn rioscaí a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar ár gcumas ár bhfeidhmeanna agus ár gcuspóirí a chur i gcrích agus a bhaint amach a bhainistiú agus a mhaolú go héifeachtach.

Déantar riosca a bhainistiú in ÚÁS trí athbhreithnithe foirmiúla agus faomhann an Bord athruithe ar an gClár Rioscaí Corparáideacha, a shaináithníonn na príomhrioscaí don eagraíocht. Déantar na hathbhreithnithe sin trí huair sa bhliain, nó níos minice, más gá.

Tá beartas bainistíochta riosca cuimsitheach i bhfeidhm againn agus próisis bhainistíochta riosca gaolmhara a oibríonn ar fud na heagraíochta. Is ar an mBord atá an fhreagracht deiridh as córas rialaithe inmheánaigh ÚÁS, lena n-áirítear bainistíocht riosca. Tá an Bord freagrach as beartas bainistíochta riosca na heagraíochta a cheadú, lena n-áirítear inghlacthacht riosca agus as monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais fhoriomlán bainistíochta riosca. Tá freagrachtaí ar bhainistíocht, ar fhoireann, ar Phríomhoifigeach Riosca agus ar CIR ÚÁS as gealltanais bheartas riosca ÚÁS a chomhlíonadh.

Tugtar achoimre thíos ar phríomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí ÚÁS, amhail mí na Nollag 2023.

- Tá an Scéim Comhionannaithe Riosca mar bhonn agus taca leis an margadh árachais sláinte príobháideach pobalráitithe agus tacaíonn sí le príomhchuspóir ÚÁS. Maolófar an riosca go ndéantar easpa cumais chun éilimh mhargaidh agus sonraí a bhaineann leis an scéim a bhainistiú agus a phróiseáil trí chóras bainistíochta sonraí tras-roinne a thabhairt isteach agus trí shainchomhairleoirí seachtracha a úsáid, agus trí oiliúint agus forbairt scileanna na foirne.


- Tá ÚÁS ag brath ar theicneolaíocht chun seachadadh a fheidhmeanna a éascú. Tá rioscaí ag ÚÁS a bhaineann le héifeachtacht oibríochtúil agus rochtain agus eispéireas úsáideoirí seirbhíse mar gheall ar fheidhmiúlacht láithreáin ghréasáin atá ag dul in aois agus bonneagar nua á fhorbairt, agus riosca do leanúnachas gnó ÚÁS dá gcuirfeadh cibearghníomhaíocht mhailíseach nó teip córais/bunathrú isteach air seo. Chun na rioscaí seo a mhaolú, ghlacamar bearta chun a áirithiú go ndéantar nuashonruithe leanúnacha agus tástáil leanúnach ar chórais, go mbunaítear plean leanúnachais gnó, agus go bhfuil bogearraí frithviris agus bonneagar cibearshlándála i bhfeidhm. Tá clár feasachta agus oiliúna úsáideoirí slándála curtha i gcrích ag an bhfoireann go léir. Ina theannta sin, déantar tástáil bhliantúil ar threá ar fud bhonneagar TFC ÚÁS agus déantar monatóireacht ar chur i bhfeidhm moltaí a thagann as an tástáil seo.
- D'fhostaigh ÚÁS 17 mball foirne in 2023. Tugtar aghaidh inár bplean comharbais agus in infhaighteacht seirbhísí seachtracha soláthraithe seirbhíse ar an mbaol d'éifeachtúlacht oibriúcháin leanúnach nach mbeimid ábalta foireann bainistíochta sinsearaí atá cáilithe go cuí a choinneáil nó a earcú mar gheall ar ár gcóras grádaithe i gcomparáid le rialtóirí/gníomhaireachtaí stáit eile.
- Tá an ÚÁS ag fanacht le deimhniú ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le maoiniú dliteanas pinsin do Scéim Aoisliúntais ÚÁS. Tá na hasbhaintí ábhartha á ndéanamh againn as tuarastail, méideanna a choinníonn ÚÁS, ach ní aithnítear iad mar ioncam. Déanaimid foráil freisin do ranniocaíochtaí ó fhostaithe leis an Scéim Aoisliúntais. Tá an riosca ann go mbeidh an cheist seo gan réiteach san áireamh sa Chlár Riosca Corparáideach.

5.4 Ídiú Fuinnimh

Tá sprioc leagtha síos ag an rialtas don earnáil phoiblí de choigilteas éifeachtúlachta fuinnimh 50% faoi 2030. Tá oifig amháin ag ÚÁS i bhfoirgneamh oifige iláitithe, agus tuairiscímid ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh d'Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann i gcomhréir le hIonstraim Reachtuil 426 de 2014 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Úsáide Deiridh Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh) 2009.

In 2023, d'ídiomar 120,181 kWh d'fhuinneamh, a bhí comhdhéanta de na nithe a leanas:

- 24,178kWh (2020: 21,106kWh) de leictreachas
- 2485.04kWh (2020: 14,865kWh) de bhreoslaí iontaise (téamh)



Fíor 13: Príomhriachtanas fuinnimh iomlán in aghaidh gach fostaí lánaimseartha ó 2009 go 2023.

Léiríonn Fíor 13 an fheidhmíocht fuinnimh stairiúil do ÚÁS. Déanfaidh ÚÁS dlúthmonatóireacht ar a úsáid fuinnimh agus cuirfidh sé tionscadail coigilte fuinnimh i bhfeidhm lena n-áirítear clár feasachta don fhoireann, soláthar atá tíosach ar fhuinneamh. Oibrímid freisin le bainistíocht an fhoirgnimh chun bealaí a aimsiú chun ár n-ídiú fuinnimh a laghdú.

6

Tuarascáil agus Cuntais 2023

An tÚdarás Árachas Sláinte

Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais don bhliain
1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023

Chuíg an Aire Sláinte

I gcomhréir le téarmaí Alt 32(2) den Acht Árachais Sláinte, 1994, cuireann an tÚdarás Árachas Sláinte a Thuarascáil agus a Chuntais i láthair don tréimhse dhá mhí dhéag dar críoch an 31 Nollaig 2023.

Clár na nÁbhar

Faisnéis faoin Údarás	38
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Údaráis	39
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	46
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	49
Ráitis Airgeadais	53

Faisnéis faoin Údarás

Comhaltaí an Údaráis

Patricia Byron (Cathaoirleach)
Caroline Barlow
Michael A. O'Sullivan
Damien McShane
Marcella Flood (éirithe as an 28 Meitheamh 2023)
John Armstrong
Dr John Evans
Michael Harnett (ceapadh an 14 Meán Fómhair 2023)

Príomhfheidhmeannach/ Cláraitheoir

Laura Brien (éirithe as an 7 Iúil 2023)
Ray Dolan [Eatramhach] (ceapadh an 8 Lúnasa 2023, éiríodh as an 3 Meitheamh 2024)
Brian Lee (ceapadh an 4 Meitheamh 2024)

Rúnaí

Owen McCarthy (éirithe as an 8 Feabhra 2023)
Michelle Keane (BDO) (ceaptha an 8 Feabhra 2023)

Baincéirí

AIB plc.
7/12 Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2

Iniúcháirí

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
DO1PF72

Oifigí

Teach Beaux Lane
Sráid Mercer Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 DH60

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Údaráis


Rialachas

Bunaíodh an tÚdarás le hOrdú Aireachta an 1 Feabhra 2001, faoin Acht Árachais Sláinte, 1994 arna leasú (na "hAchtanna Árachais Sláinte"). Bunaíonn Sceideal 1 de na hAchtanna Árachais Sláinte an tÚdarás mar chomhlacht corparáideach agus na socruithe chun Cathaoirleach agus Comhaltaí an Údaráis a cheapadh. Tá seachtar comhaltaí san Údarás arna gceapadh ag an Aire Sláinte, agus ceaptar duine acu mar Chathaoirleach.

Tá Rialacha Gnó (Téarmaí Tagartha) curtha i bhfeidhm ag an Údarás lena leagtar amach na socruithe maidir le comhaltas an Údaráis, tionól agus reáchtáil cruinnithe, ról Rúnaí an Údaráis, agus dualgais agus freagrachtaí tuairiscithe an Údaráis. Tá na Rialacha ag teacht leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 (an "Cód") arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016.

Tá na socruithe sin infheidhme freisin maidir leis an gCiste um Chomhionannú Riosca, as a bhfuil an tÚdarás freagrach faoi na hAchtanna.

Struchtúr Eagrúcháin



Ta feidhmeanna an Údaráis leagtha amach in Alt 21(1) de na hAchtanna Árachais Sláinte. Tuairiscíonn an tÚdarás, maidir lena shocruithe rialachais, don Aire Sláinte agus tá sé freagrach as dea-rialachas a áirithiú agus déanann sé an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomhcheist ghnó. Tá an Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir agus an fhoireann bhainistíochta sinsearaí freagrach as bainistíocht laethúil, rialú agus stiúradh rialta an Údaráis Árachais Sláinte. Ní mór don Phríomhfheidhmeannach/Cláraitheoir agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí an treo straitéiseach leathan atá leagtha síos ag an Údarás a leanúint, agus ní mór dóibh a áirithiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach Comhalta ar na príomhghníomhaíochtaí agus na cinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha dóchúla. Gníomhaíonn an Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir mar idirghabhálaí díreach idir an tÚdarás agus an lucht bainistíochta.

Freagrachtaí an Údaráis

Tá obair agus freagrachtaí an Údaráis leagtha amach i dtéarmaí Tagartha an Údaráis, ina bhfuil na hábhair atá curtha in áirithe go sonrach le haghaidh cinneadh an Údaráis. I measc na míreanna buana a mheasann an tÚdarás tá:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- ábhair fhorchoimeáda.

Ceanglaítear ar Chomhaltaí an Údaráis le halt 32(2) de na hAchtanna Árachais Sláinte, i gcibé foirm a cheadóidh an tAire Sláinte le comhthoilíú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na cuntais go léir is cuí agus is gnách a choinneáil ar an airgead go léir a gheobhaidh an tÚdarás nó a chaithfidh sé.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar an Údarás:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh sé ag feidhmiú, agus
- a lua cibé ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeachta ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta tráth ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a áirithiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 32(2) de na hAchtanna Árachais Sláinte. Is é an tÚdarás atá freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar láithreán gréasáin an Údaráis Árachais Sláinte.

Tá an tÚdarás freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a cheadú. Rinne an tÚdarás meastóireacht ar fheidhmíocht na heagraíochta trí thagairt don phlean agus don bhuiséad bliantúil an 14 Nollaig 2023 agus trí thagairt do thorthaí airgeadais na bliana iomláine an 21 Márta 2024.

Tá an tÚdarás freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin as bearta réasúnta a dhéanamh le haghaidh calaíoch agus mírialtachtaí a bhrath agus a chosc.

Tá an tÚdarás freagrach as bunú, riarachán agus cothabháil an Chiste Comhionannaithe Riosca (“an Ciste”). Tá Comhaltaí an Údaráis freagrach as na ráitis airgeadais don Chiste a tháirgeadh agus a fhaomhadh.

Measann an tÚdarás go dtugtar léargais fhírinneacha chóra le ráitis airgeadais an Údaráis Árachais Sláinte agus an Chiste araon ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staidéanna airgeadais an dá eintiteas amhail an 31 Nollaig 2023.

Tá Cathaoirleach agus seisear gnáthchomhaltaí san Údarás, arna gceapadh ag an Aire Sláinte. Ceapadh Comhaltaí an Údaráis go ceann tréimhsí idir trí bliana agus cúig bliana agus buaileann siad le chéile 8 n-uaire in aghaidh na bliana ar a laghad. Sonraítear sa tábla thíos tréimhse an cheapacháin le haghaidh na gComhaltaí reatha:

Comhalta an Údaráis	Ról	Dáta an Cheapacháin	Dáta a Chríochnaíonn an Ceapachán
Patricia Byron	Cathaoirleach	1 Iúil 2021	30 Meitheamh 2026
Dr John Evans	Gnáthchomhalta	24 Meitheamh 2021	23 Meitheamh 2026
Caroline Barlow	Gnáthchomhalta	24 Meitheamh 2019	23 Meitheamh 2024
Michael A.O'Sullivan	Gnáthchomhalta	24 Meitheamh 2019	23 Meitheamh 2024
Damien McShane	Gnáthchomhalta	5 Iúil 2019 Athcheaptha an 5th Iúil 2022	4 Iúil 2027
Marcella Flood	Gnáthchomhalta	5 Iúil 2019 Athcheaptha an 5th Iúil 2022	4 Iúil 2027 D'éirigh as an 28 Meitheamh 2023
John Armstrong	Gnáthchomhalta	18 Meán Fómhair 2019 Athcheaptha an 18th Meán Fómhair 2022	17 Meán Fómhair 2027
Michael Harnett	Gnáthchomhalta	14 Meán Fómhair 2023	4 Iúil 2027

Éifeachtúlacht an Bhoird agus an Rialachais

Thug an tÚdarás faoi fhéinmheasúnú bliantúil ina ndearnadh meastóireacht ar a fheidhmíocht féin i mí Márta 2024.

Tá dhá choiste bunaithe ag an Údarás, mar a leanas:

1. An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca: comhdhéanta de bheirt Chomhaltaí an Údaráis ar a laghad. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) tacú leis an Údarás maidir lena fhreagracht as saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus as árachas gaolmhar. Tá an ARC neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go sonrach, áirithíonn an ARC go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar chórais rialaithe inmheánacha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an ARC don Údarás tar éis gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Is iad seo a leanas Comhaltaí an ARC: Michael A. O'Sullivan (Cathaoirleach go dtí mí Mheán Fómhair 2022), Caroline Barlow (Cathaoirleach ó mhí Mheán Fómhair 2022) agus Marcella Flood (éiríodh as an 28 Márta 2023). D'éirigh Marcella Flood as mar chomhalta an ARC ar an 28 Márta 2023 agus tháinig John Evans ina háit. Bhí 4 chruinniú den ARC ann in 2023.

2. Coiste Idirchaidrimh Feidhmíochta: tá sé comhdhéanta de thriúr Comhaltaí Údaráis HIA. Bunaíodh an Coiste Idirchaidrimh Feidhmíochta (PLC) i mí na Nollag 2022 agus níor tháinig sé le chéile in 2023. Is é ról an PLC soláthar a dhéanamh do mheicníocht éifeachtach chun an HIA a éascú agus é ag breathnú ar fheidhmíocht POF an HIA; i gcomhar le Cathaoirleach an HIA, idirchaidreamh a dhéanamh leis an POF maidir leis sin; agus cuidiú le cuspóirí cuí a shocrú chomh maith le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gculpóirí sin ar bhealach iomlán, éifeachtach agus trédhearcach. Tuairiscíonn an Coiste don HIA ar a ghníomhaíochtaí trí nuashonrú ó bhéal ó Chathaoirleach an Choiste don HIA ag cruinniú an HIA a bhíonn tar éis cruinniú an Choiste.

Is iad seo a leanas Comhaltaí an PLC: Damien McShane (Cathaoirleach), Michael O'Sullivan, agus John Armstrong

Sceideal an Tinrimh, na dTáillí agus na Speansas

Tá sceideal an fhreastail ar chruinnithe de chuid an Údaráis agus na gcoistí do 2023 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na speansais a fhaigheann gach Comhalta:

	An tÚdarás	An Coiste Iniúchóireachta & Riosca	Táillí 2023 €	Speansais 2023 €
Líon na gCruinnithe	10	4		
Patricia Byron	10	-	8,978	181
Dr John Evans	9	4	-	-
Caroline Barlow	10	4	5,985	-
Michael O'Sullivan	8	4	5,985	497
Damien McShane	10	-	5,985	-
Marcella Flood	4	-	4,558	-
John Armstrong	10	-	5,985	-
Michael Harnett	1		--	
			37,476	678

Ní bhfuair Comhalta amháin den Údarás, an Dr John Evans táille faoin bprionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin (OPOS).

Athruithe ar Phríomhphearsanra

D'éirigh Marcella Flood as mar chomhalta Údaráis ar an 28 Meitheamh 2023. D'éirigh Marcella Flood as mar bhall den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an 28 Márta 2023 agus tháinig John Evans ina háit. Ceapadh Michael Harnett mar chomhalta údaráis ar an 14 Meán Fómhair 2023.

Nochtadh Riachtanach de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an tÚdarás freagrach as a áirithiú gur chomhlíon an tÚdarás Árachas Sláinte ceanglais an Chóid. Éilítear na nochtuithe a leanas leis an gCód:

Miondealú Sochair Gearrthéarmacha Fostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe os cionn €60,000 a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

Ó	Raon	Go	Líon na bhfostaithe	
			2023	2022
€60,000	-	€69,999	2	1
€70,000	-	€79,999	1	2
€80,000	-	€89,999	1	1
€90,000	-	€99,999	-	1
€100,000	-	€109,999	1	1
€110,000	-	€119,999	-	1
€120,000	-	€129,999	-	-
€130,000	+		-	-

Nóta: Chun críocha an nochtá seo, cuimsítear le sochair ghearrthéarmacha an fhostaí maidir le seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí ach gan ÁSPC an fhostóra san áireamh.

Costais Chomhairleachta

Cuimsíonn costais chomhairliúcháin costas na comhairle seachtraí don bhainistíocht agus ní chuimsíonn siad feidhmeanna 'gnó mar is gnách' seachfhoinsithe.

	2023	2022
	€	€
Comhairleacht Plean Eagrúcháin	-	29,520
Seirbhísí Tacaíochta Soláthair	7,603	-
Comhairleoireacht Bhunachar Sonraí	14,489	107,130
	22,092	136,650
Costais Chomhairleachta arna gCaipitliú	-	-
Costais chomhairleachta curtha chun dochair loncaim agus Caiteachais agus Cúlchiste loncaim Choinnithe	22,092	136,650
Iomlán	22,092	136,650

Costais Dhlíthiúla agus Socraíochtaí

Is iad seo a leanas na costais dlí a bhaineann le himeachtaí dlí, nó socraíochtaí:

	2023	2022
	€	€
Imeachtaí dlí	-	-
Costais dlí a aisghabhadh	-	-
Iomlán	-	-

Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Déantar caiteachas taistil agus cothaithe a chatagóiriú mar a leanas:

	2023	2022
	€	€
Baile		
Údarás	678	352
Fostaithe	3,107	1,145
Idirnáisiúnta		
Údarás	-	-
Fostaithe	-	-
Iomlán	3,785	1,497

Caiteachas ar Fháiiteachas

Áirítear an caiteachas a leanas ar fháiiteachas leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:

	2023	2022
	€	€
Fáiiteachas Foirne agus Údaráis	2,103	2,568
Iomlán	2,103	2,568

Ráiteas ar Chomhlíontacht


Chomhlíon an tÚdarás Árachas Sláinte go hábhartha ceanglais an Chóid, ach amháin na heisceachtaí seo a leanas:

Chomhaontaigh an tÚdarás leis an Roinn Sláinte maidir lena chomhlíonadh le Mír 8.48 den Chód i ndáil le díospóidí dlí a mhodhnú nuair a luaitear “i gcás ina mbaineann comhlacht Stáit eile le díospóid dlí, mura n-éilítear a mhalairt le reacht, ba cheart gach iarracht a dhéanamh chun idirghabháil, eadránú nó réiteach ar bhealach eile sula dtabhaítear costais dlí costasacha.

Ba cheart do chomhlachtaí stáit an beart is cost-éifeachtaí a dhéanamh maidir le díospóidí dlí.” Cháiligh an tÚdarás an riachtanas trí “(seachas gnóthas cláraithe)” a chur isteach i ndiaidh “comhlacht Stáit”. Léiríonn sé seo go n-éilíonn Alt 33B de na hAchtanna Árachais Sláinte “go gcomhlíonfaidh an tÚdarás na feidhmeanna a thugtar dóibh leis an Acht seo nó faoin Acht seo ar bhealach a fhágfaidh go gcaithfear go cothrom le gnóthais chláraithe in imthosca comhchosúla.”

Chomhaontaigh an tÚdarás leis an Roinn Sláinte maidir lena chomhlíonadh le hAguisín C, an Creat um Chód Iompair den Chód a mhodhnú, áit a moltar gur cheart do Chód Iompair an Údaráis aghaidh a thabhairt ar cheist na dílseachta trí aitheantas a thabhairt don “fhreagracht le bheith dílis don chomhlacht Stáit agus tiomanta go hiomlán ina cuid gníomhaíochtaí gnó go léir agus a mheabhrú go gcaithfidh an eagraíocht féin leasanna an scairshealbhóra a chur san áireamh i gcónaí.” Deirtear sa chuid chomhfhreagrach i gCód Iompair an Údaráis “... go gcaithfidh an eagraíocht riachtanais a reachtaíochta rialaithe a chur san áireamh i gcónaí, seachas “leasanna an scairshealbhóra”.

Chomhaontaigh an tÚdarás leis an Roinn Sláinte léirmhíniú Alt 3.3 den Chód a deir “má fhaigheann Comhalta den Bhord/Stiúrthóir fianaise nach gcomhlíontar aon oibleagáidí reachtúla a bhaineann leis an gcomhlacht Stáit, ba cheart dó/di é seo a chur in iúl láithreach dá gcomh-chomhaltaí Boird/Stiúrthóirí d’fhonn an t-ábhar a réiteach. Ba cheart don Chathaoirleach an t-ábhar a chur faoi bhráid an Aire ábhartha ag léiriú (i) iarmhairtí an neamhchomhlíonta sin agus (ii) na céimeanna a glacadh nó a ghlacfar chun an seasamh a réiteach. Is é freagracht an Chathaoirligh saincheisteanna den sórt sin a chur in iúl don Aire.” Is é léirmhíniú an Údaráis ar an riachtanas sin ná riachtanas a bhaineann le neamhchomhlíontacht ábhartha ar bith.

 *Patricia Byron*

Patricia Byron
Cathaoirleach

 *Caroline Barlow*

Caroline Barlow
Comhalta

24 Meán Fómhair 2024
Dáta

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Raon Feidhme na Freagrachta

Thar ceann an Údaráis Árachas Sláinte (ÚÁS) aithním freagracht an Údaráis as a áirithiú go ndéantar córas éifeachtach de rialú inmheánach a chothabháil agus a oibriú. Leis an bhfreagracht sin tugtar riachtanais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh.

Cuspóir Chóras an Rialaithe Inmheánaigh

Tá córas an rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú ar leibhéal is féidir a sheasamh seachas chun deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní féidir ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú iomlán a sholáthar leis an gcóras go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thairfeadh go ceart agus go ndéantar earráidí agus mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Bhí córas an rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san ÚÁS don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus suas go dtí dáta fhaomhadh na ráiteas airgeadais.

An Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) ag an ÚÁS ar a bhfuil triúr comhaltaí Boird a bhfuil saineolas iniúchta agus airgeadais acu. Tháinig an CIR le chéile ceithre huaire in 2023.

Fostaíonn an ÚÁS iniúcháir inmheánach neamhspleách ag a bhfuil dóthain acmhainní, a oibríonn i gcomhréir leis an gCairt um Iniúchadh Inmheánach faofa agus tuairiscíonn sé don CIR. Forbraíonn an CIR plan iniúchta inmheánaigh gach bliain trí úsáid a bhaint as cur chuige bunaithe ar riosca.

D'fhorbair an ÚÁS Beartas agus Creat Bainistíochta Riosca ina leagtar amach inghlacthacht riosca an Údaráis, na próisis bhainistíochta Riosca atá i bhfeidhm agus a thugann mionsonraí ar ról agus ar fhreagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas don fhoireann uile a bhfuiltear ag súil go n-oibreoidh siad laistigh de bheartais bainistíochta riosca an ÚÁS, chun an lucht bainistíochta a chur ar a airdeall faoi rioscaí ag teacht chun cinn agus faoi laigí sna rialuithe agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus as rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

An Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an ÚÁS lena saináithnítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí de chuid an lucht bainistíochta atá á nglacadh chun tabhairt fúthu agus, sa mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Is mír bhuan bainistíocht riosca ar an mBord agus an CIR araon. Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena saináithnítear na príomhrioscaí atá os comhair an ÚÁS agus rinneadh iad sin a shaináithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord athbhreithniú ar an gclár rioscaí trí huaire sa bhliain. Baintear úsáid as torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh d'fhonn a áirithiú go mbainistítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Sonraítear na rialuithe agus na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as rialuithe a oibriú a shanntar d'fhoireann ar leith sa chlár rioscaí. Dearbhaímid go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- rinneadh nósanna imeachta maidir le príomhphróisis ghnó uile a dhoiciméadú,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na foirne bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe iomchuí ann lena mbaineann buiséad bliantúil agus rud a choinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú,
- tá córais ann a dhíríonn ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéis agus cumarsáide a áirithiú, agus
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaímid go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnaí a leanas i bhfeidhm:

- saináithníodh na príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun oibriú na bpríomhrialuithe sin a mhonatóiriú agus chun tuairisciú maidir le heasnaimh ar bith arna saináithint,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal nuair atá freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais lena léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.
- Maidir leis an gCiste Comhionannaithe Riosca ina riarann an ÚÁS; tá nósanna imeachta agus rialuithe tábhachtacha i bhfeidhm chun cinntiú go ndéantar na hinsreafaí agus na heis-sreafaí airgid a dhearbhu, a dheimhniú agus go bhfuil siad i gcomhréir leis na treoirphrionsabail maidir le comhionannú riosca. Déanann an lucht ardbhainistíochta agus na comhairleoirí achtúireacha seachtracha, chomh maith leis na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, athbhreithniú rialta ar na rialuithe seo agus ar thorthaí na gcóras rialaithe seo.

Soláthar

Bhunaigh an ÚÁS Beartas Soláthair agus Nós Imeachta Soláthair. Tá cleachtais soláthair an ÚÁS i gcomhréir leis na doiciméid réamhluaite agus leanann siad plean agus timthriall soláthair mionsonraithe 4 bliana.

Tá Nós Imeachta Soláthair an ÚÁS i comhréir le treoirlínte reatha na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP). In imthosca áirithe, meastar gurb iomchuí eisceachtaí cuí-údaraithe a fháil ón mBeartas agus ón Nós Imeachta (i.e. gan próiseas tairisceana iomaíoch a reáchtáil) i leith seirbhísí, soláthairtí nó oibreacha ar luach os cionn €5,000 agus faoi bhun thairseacha an AE m.sh. ar chúiseanna rúndachta, coimhlintí leasa, práinne, cosaint cearta maoine intleachtúla, aon fhoinsé soláthair srl.

Tá an ÚÁS faoi réir Treoir 2014/24/AE arna gcur chun feidhme in Éirinn ag Rialúcháin (na 'Rialúcháin') an Aontais Eorpaigh 2016 (Conarthaí Údarais Phoiblí a Dhámhachtain), i leith soláthair seirbhísí, soláthairtí agus oibreacha thar thairseacha luacha ar leith a shocraíonn an AE. I gcás nach bhfuil feidhm leis na Rialúcháin - toisc go bhfuil luach an tsoláthair faoi bhun thairseacha an AE nó go dtagann sé lasmuigh de na Rialúcháin, glacann an ÚÁS próiseas (i gcomhréir leis an mBeartas agus leis an Nós Imeachta Soláthair mar a leagtar amach thuas) atá deartha chun an luach is fearr ar airgead a bhaint amach. Faomhann an lucht ardbhainistíochta eisceachtaí maidir le Beartas agus Nós Imeachta an ÚÁS agus nochtar na heisceachtaí seo don Bhord (níor cuireadh aon eisceachtaí i bhfeidhm in 2023)

Ní hionann úsáid na n-eisceachtaí faoi Bheartas Soláthair agus Nós Imeachta Soláthair an ÚÁS agus soláthar neamh-chomhlíontach. I gcás conarthaí a luacháiltear os cionn thairseacha an AE, tá feidhm ag reachtaíocht an AE, agus ceadaíonn na rialacháin eisceachtaí ó phróiseas tairisceana iomaíoch AE in imthosca an-teoranta.

Déantar athbhreithniú rialta ar Bheartas Soláthair agus Nós Imeachta Soláthair an ÚÁS.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an ÚÁS chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Déantar monatóireacht agus athbhreithniú an ÚÁS ar éifeachtacht chóras an rialaithe inmheánaigh a threorú ag obair iniúchóirí seachtracha, ag an gCiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus ag an lucht ardbhainistíochta laistigh den ÚÁS atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Dearbhaím go ndearna an ÚÁS athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2023.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach i ndáil le 2023 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.


Soláthar neamh-chomhlíontach in 2022

In 2022, aithníodh roinnt soláthairtí neamh-chomhlíontacha mar thoradh ar ráta athraithe foirne sinsearaí an-ard, athrinneadh idirghabháil ar na soláthairtí seo in 2023 agus tagarmharcáladh téarmaí na gconarthaí seo agus na suimeanna a íocadh go cúlghabhálach agus fuarthas go raibh siad laistigh de leibhéal na hOifige um Sholáthar Rialtas.

Rinneadh roinnt íocaíochtaí in 2023 maidir le próisis soláthair neamh-chomhlíontacha 2022 mar a nochtadh inár gcuntais 2022, ach rinneadh na conarthaí seo a aththairiscint ó shin.

In 2023, rinneadh athbhreithniú ar Bheartas Soláthair agus Nósanna Imeachta Soláthair an ÚÁS go córasach de bharr na dtorthaí 2022, agus earcaíodh foireann sinsir agus sainchonraitheoirí a bhfuil saineolas acu ar rialacha soláthair phoiblí.

Thar ceann Chomhaltaí an Údaráis;



Patricia Byron
Cathaoirleach

Dáta: 24 Meán Fómhair 2024



An Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste An Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An tÚdarás Árachas Sláinte

Tuairim cháilithe ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Údaráis Árachas Sláinte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 32 den Acht um Árachas Sláinte Náisiúnta, 1994. Tá na Ráitis Airgeadais comhdhéanta de

- ráiteas ar chaiteachas agus ioncam agus ar chúlchistí ioncain coinnithe
- ráiteas ar an staid airgeadais
- ráiteas ar shreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha.

Is é mo thuairim, nuair a fhágtar amach neamhchomhlíonadh cheanglais FRS 102 maidir le teidlíochtaí sochair scoir dá dtagraítear thíos, go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Údaráis Árachas Sláinte amhail an 31 Nollaig 2023 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2023 de réir an Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102

— An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe (RA) agus i bPoblacht na hÉireann.

An bonn do thuairim cháilithe ar na ráitis airgeadais

Neamh-aitheantas ar dhliteanais phinsin fhabhráithe

I gcomhréir le treoracha an Aire Sláinte, ní thugann an tÚdarás Árachas Sláinte cuntas ar a dhliteanas fabhráithe sochair scoir. Ní chomhlíonann sé seo FRS 102 lena n-éilítear go n-aithníonn na ráitis airgeadais an dliteanas fabhráithe iomlán ar an dáta tuairiscithe.

Mar a mhínítear i nóta 10 a ghabhann leis na ráitis airgeadais, mheas an tÚdarás gur fiú €2.98 milliún an dliteanas i ndáil leis an Scéim Aoisliúntais d'Fhostaithe (do bhaill foirne arna gceapadh roimh 2013) amhail an 31 Nollaig 2023. Coinníonn an tÚdarás ranníocaíochtaí pinsin (ón bhfostóir agus ó fhostaithe) de chuid chomhaltaí na scéime sin agus coinnítear mar chúlchiste iad agus úsáidtear iad chun íoc as pinsin de réir mar is gá. Aithnítear an t-iarmhéid sa chúlchiste sin mar sholáthar carntha le haghaidh pinsin (€2.5 milliún amhail an 31 Nollaig 2023).

Bonn an iniúchta

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (ISAnna) arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Iniúchóireachta Uachtaraí. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an Údarás Árachas Sláinte agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur iomchuí í an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

Tuairisciú ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Chuir an tÚdarás Árachas Sláinte faisnéis áirithe eile i láthair mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis sin an tuarascáil bhliantúil, lena n-áirítear an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Údaráis, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú i ndáil le faisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile a dtuairiscím orthu go heisceachtúil.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.



Andrew Harkness
Ar son agus thar ceann
An Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Meán Fómhair 2024

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis

De réir mar atá sonraithe sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Údaráis, tá comhaltaí an Údaráis freagrach as an méid a leanas

- ráitis bhliantúla airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 32 den Acht um Árachas Sláinte Náisiúnta 1994
- chun a áirithiú go dtugtar léargas cóir agus cothrom leis na ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- chun a áirithiú go ndéantar idirbhearta de réir rialtachta
- measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht úsáid na cuntasáiochta ar bhonn an ghnóthais leantaigh, agus
- a leithéid de rialú inmheánach a chur i bhfeidhm agus a mheasann siad riachtanach ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh is de thoradh calaoise nó earráide

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi alt 32 den Acht um Árachas Sláinte Náisiúnta 1994 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Údaráis Árachas Sláinte agus chun tuarascáil ina leith a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is ardeibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní hionann é agus ráthaíocht go mbraithear míshonrú ábhartha atá ann trí iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna. D'fhéadfadh míshonruithe eascairt as calaois nó as earráid agus meastar gur ábhartha iad más féidir, ina n-aonar nó ina n-iomláine, go mbeifí ag súil go réasúnta go n-imreofaí tionchar leo ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a ghlacfaí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, cuirim breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus le linn dom sin a dhéanamh,

- Déanaim na rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú a bhaineann le míshonrú na ráiteas airgeadais cé acu an raibh sé nó nach raibh sé de thoradh ar chalaos nó ar earráid; déanaim nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm atá freagrúil i leith na rioscaí sin; agus aimsíonn fianaise i leith an iniúchta atá imleor agus iomchuí chun bunús a sholáthar le mo thuairim. Tá riosca níos airde ann nach mbraithear míshonrú ábhartha mar thoradh ar chalaos ná mar thoradh ar earráid, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha d'aon ghnó, nó sárú rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí áirithe, ach ní chun críocha tuairim a thabhairt maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measaim oiriúnacht na mbeartas cuntasáiochta as a mbaintear úsáid agus réasúntacht na meastachán cuntasáiochta agus na nochtuithe gaolmhara.
- Bainim tatal as oiriúnacht na húsáide a bhaintear as bonn gnóthais leantaigh na cuntasáiochta, agus bunaithe ar an

bhfianaise iniúchta a fuarthas, cé acu atá nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le teagmhais nó cúinsí lena bhféadfaí amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Údaráis Árachas Sláinte leanúint mar ghnóthas leantach. Más é an tatal a bhainim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, más neamhimleor a leithéid de nochtuithe, éilítear orm mo thuairim a athrú. Tá na tatal de mo chuid bunaithe ar an bhfianaise a aimsíodh suas le dáta mo thuarascála. Ina dhiaidh sin is uile, mar gheall ar theagmhais nó ar chúinsí amach anseo, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an tÚdarás Árachas Sláinte in ann leanúint mar ghnóthas leantach.

- Measaim cur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtaí, agus cé acu an léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta bunúsacha agus teagmhais bhunúsacha ar bhealach lena ndéantar léiriú cothrom a bhaint amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil rialachas mar fhreagracht acu maidir leis na nithe a leanas, i measc nithe eile: raon feidhme agus uainiú an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith maidir le rialú inmheánach a shainaithníim le linn an iniúchta de mo chuid.

Tuairiscím na nithe seo a leanas, trí eisceacht, más é mo thuairim é:

- Ní bhfuair mé an fhaisnéis uile agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- ní raibh na taifid chuntasáiochta leordhóthanach chun ligean dom na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus go ceart, nó
- níl na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasáiochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní bhaineann an tuairim a thugaim ar na ráitis airgeadais le haon fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon tatal dearbhaithe de chineál ar bith ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm i gcomhréir leis na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus trí sin a dhéanamh, breithníim má tá an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más ionann í sin agus míshonrú ar shlí eile de réir cosúlachta. Más é an tatal a bhainim, ar bhonn na hoibre atá déanta agam, go ndearnadh an fhaisnéis eile sin a mhíshonrú go hábhartha, ní mór dom an fhíríc sin a thuairisciú.


Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh agus tagairt á déanamh do na cúrsaí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus lena n-oibriú. Tuairiscím má shainaithníim cúrsaí ábhartha a bhaineann leis an dóigh a ndearnadh gnó poiblí a chur i bhfeidhm.

Déanaim iarracht fianaise a aimsiú maidir le rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má shainaithníim cás ábhartha ar bith nuair nach ndearnadh airgead poiblí a úsáid chun na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis lena rialáitear iad.

Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	12 mhí dar críoch an 31 Nollaig, 2023 €	12 mhí dar críoch an 31 Nollaig, 2022 €
Ioncam	2	3,164,441	2,812,418
Costais riaracháin	3	(3,750,185)	(2,931,030)
Barrachas um (caiteachas thar ioncam) / ioncam thar chaiteachas		(585,744)	(118,612)
Ús infhála		66,079	1,038
(Easnamh) / Barrachas don bhliain		(519,665)	(117,574)
Cúlchistí ioncaim choinnithe ag tús na bliana		9,575,562	9,693,136
Cúlchistí ioncaim choinnithe ag deireadh na bliana		9,055,897	9,575,562



Patricia Byron
Cathaoirleach




Caroline Barlow
Comhalta

Dáta 24 Meán Fómhair 2024

Tá nótaí 1 go 14 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €	2022 €
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	6	212,752	286,171
Sócmhainní Á bhFórbairt	6	233,807	105,129
		446,559	391,300
Sócmhainní reatha			
Airgead agus coibhéisí airgid		10,008,521	10,812,857
Réamh-íocaíochtaí agus féichiúnaithe eile	7	1,545,670	1,225,276
		11,554,191	12,038,133
Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)			
Creidiúnaithe agus fabhruithe	8	(2,944,853)	(2,853,871)
Glánsócmhainní reatha		8,609,338	9,184,262
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		9,055,897	9,575,562
Glansócmhainní		9,055,897	9,575,562
Arna n-ionadú ag			
Cúlchistí ioncaim choinnithe		9,055,897	9,575,562
		9,055,897	9,575,562



Patricia Byron
Cathaoirleach




Caroline Barlow
Comhalta

Dáta 24 Meán Fómhair 2024


Tá nótaí 1 go 14 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Ráitis ar Shreafaí Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €	2022 €
Réiteach an bharrachais oibriúcháin le glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
(Easnamh) / barrachas oibriúcháin don bhliain		(519,665)	(117,574)
Dímheas	6	133,831	127,984
(Méadú) / Laghdú ar fhéichiúnaithe	7	(320,394)	(136,281)
Méadú / (Laghdú) ar chreidiúnaithe	8	90,982	65,539
Glan-airgead tirim (eis-sreabhadh) / insreabhadh ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		(615,246)	(60,332)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil	6	(189,090)	(105,129)
		(804,336)	(165,461)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí cistithe			
Ús tuillte		(66,070)	(1,038)
Ús faighte		66,070	1,038
(Laghdú) / Méadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid		(804,336)	(165,461)
Airgead agus coibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir		10,812,857	10,978,318
Airgead agus coibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig		10,008,521	10,812,857
(Laghdú) / Méadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid		(804,336)	(165,461)



Patricia Byron
Cathaoirleach



Caroline Barlow
Comhalta

Dáta 24 Meán Fómhair 2024

Tá nótaí 1 go 14 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

1. Beartais Chuntasaíochta

Tá na beartais chuntasaíochta shuntasacha a cuireadh i bhfeidhm in ullmhú na ráiteas airgeadais seo leagtha amach thíos. Cuireadh na beartais seo i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na blianta ar fad a chuirtear i láthair mura ndeirtear a mhalairt.

Ráiteas ar Chomhlíonadh

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 “An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is Infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann” (“FRS102”), arna mhodhnú le treoracha an Aire Sláinte maidir le haoisliúntas. I gcomhréir le treoracha an Aire Sláinte, ní thugann an tÚdarás cuntas ar chostais teidlíochtaí aoisliúntais ach amháin de réir mar a bhíonn siad iníoctha (féach an beartas cuntasaíochta um Shochar Scoir thíos). Ní chomhlíonann bunús na cuntasaíochta FRS 102, a éilíonn go n-aithneofar costais den sórt sin sa bhliain ina dtuilltear an teidlíocht.

Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe na cuntasaíochta de réir na bprionsabal cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta agus faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil.

Cuirtear ráitis airgeadais an Údaráis i láthair in Euro (“€”) arb é airgeadra feidhmiúil an Údaráis é freisin.

Tá an tÚdarás den tuairim nach bhfuil aon bhreithiúnais chriticiúla ann a mbíonn tionchar suntasach acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Ioncam Tobhaigh

Léiríonn ioncam tobhaigh an méid infhála ag an Údarás i leith na tréimhse. Cuirtear san áireamh ann íocaíochtaí a rinneadh leis an Údarás de réir an Achta Árachais Sláinte 1994 arna leasú. Déantar réasúntacht an fhigiúir seo a sheiceáil i gcoinne an ioncaim tobhaigh ionchais bunaithe ar phróifíl an Údaráis ar scéimeanna árachais sláinte príobháideacha.

Aitheantas Caiteachais

Aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe de réir mar a thabhaítear é.

Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas lúide dímheas carntha. Ríomhtar dímheas, a ghearrtar ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe, chun costas sócmhainní seasta a dhíscríobh thar a saolré úsáideach measta, faoi mhodh na líne dírí, ag an ráta bliantúil 33 1/3% le haghaidh trealamh ríomhaireachta agus forbairt láithreáin ghréasáin agus 20% do na sócmhainní eile go léir ó dháta na fála.

Airgeadraí Eachtracha

Tiontaítear idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha isteach in Euro i rith na bliana agus tá siad san áireamh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don tréimhse.

Tiontaítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha isteach in Euro ag rátaí malairte a rialaíonn ar an dáta tuairiscithe agus tá gnóthachain agus cailteanais mar thoradh air sin san áireamh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don tréimhse.

An Scéim Comhionannaithe Riosca

Bunaíodh an Ciste Comhionannaithe Riosca (an Ciste) an 1 Eanáir 2013 faoin Acht Árachais Sláinte (Leasú) 2012. Tá an tÚdarás freagrach as an gCiste a chothabháil agus a riar agus faigheann sé ar ais na costais tabhaithe ón gCiste. Cuimsíonn an bunús le costais a fháil ar ais cionroinnt iomlán na gcostas a bhaineann go díreach leis an gCiste agus cionroinnt pháirteach na gcostas a thabhaíonn an tÚdarás, mar atá leagtha amach i Nóta 13 de na ráitis airgeadais. Ullmhaíonn an tÚdarás ráitis airgeadais ar leithligh don Chiste ar bhonn bliantúil.

Sochair Scoir

De réir Alt 28 den Acht Árachais Sláinte, 1994, féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire Sláinte agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, scéim a dhéanamh chun sochair aoisliúntais a dheonú do bhaill foirne an Údaráis. Síníodh Scéim Aoisliúntais Fostaithe an Údaráis (IR 637 de 2016) (“an Scéim”) an 21 Nollaig 2016 ina bhfuil na Rialacha atá leagtha amach sa Sceideal a ghabhann leis na Rialacha um Rialacháin do Chomhaltaí Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí 2014 (S.I. Uimh. 582 de 2014) glactha mar Scéim chun sochair aoisliúntais a dheonú do bhaill foirne an Údaráis nó ina leith, lena n-áirítear Cláraitheoir an Údaráis, de réir mar is iomchuí. Tá an t-Údarás ag déanamh na n-asbhaintí riachtanacha ó thuarastail a choinníonn an tÚdarás, ach nach n-aithnítear mar ioncam. Tá foráil á dhéanamh ag an Údarás freisin maidir le ranníocaíochtaí fostóirí leis an Scéim. Tá an tÚdarás i mbun díospóireachta leis an Roinn Sláinte maidir le meicníocht maoinithe pinsin an Údaráis. Is scéim aoisliúntais le sochar sainithe an Scéim do na fostaithe. Ar feitheamh toradh na ndíospóireachtaí sin, déantar íocaíochtaí pinsin faoin scéim ón soláthar carntha pinsin (€2,510,989 amhail an 31 Nollaig 2023). Faoi threoir ón Aire Sláinte, ní dhearnadh soláthar do shochair iníochta i mblianta le teacht.

Is é an dliteanas pinsin don scéim aoisliúntais fostaithe amhail an 31 Nollaig 2023 ná €2,980,000. Ní léirítear dliteanas pinsin don scéim seo sna ráitis airgeadais seo. Féach Nóta 10 le haghaidh tuilleadh mionsonraí.

Tá baill foirne lontrála nua atá fostaithe ag an Údarás tar éis 1 Eanáir 2013 ina mbaill den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair de réir an Achta um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Déanann an tÚdarás na hasbhaintí riachtanacha as tuarastail le haghaidh na foirne atá ina cuid den scéim. Aistrítear ranníocaíochtaí fostaithe agus fostóirí chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe ar bhonn míosúil de réir an Achta um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

2. Ioncam

Déantar foráil in Alt 17 den Acht Árachais Sláinte, 1994, d'íocaíocht tobhaigh ioncaim ag gnóthais chláráithe leis an Údarás gach ráithe d'fhonn oibríochtaí an Údaráis a chistiú agus chun soláthar imleor a dhéanamh do theagmhasachtaí. Leasaíodh an tobhach ioncaim le hIonstraim Reachtúil 528/2014, an tAcht Árachais Sláinte 1994 (Alt 17) Rialacháin Tobhaigh 2014, chuig a ráta reatha de 0.09% a bhí i bhfeidhm in 2022 agus in 2023.

	2023 €	2022 €
Tobhach Ioncaim	2,734,796	2,500,591
Costais an Chiste Comhionannaithe Riosca Athghearrtha (Nóta 13)	429,645	311,827
	3,164,441	2,812,418

3. Costais riaracháin

	2023 €	2022 €
Tuarastail, costas pinsin agus costais eile foirne (Nóta 4)	1,284,891	1,036,976
Costais oiliúna	26,114	16,799
Táillí Stiúrthóirí (Nóta 4)	37,476	37,407
Cíos, Muirir Seirbhíse agus Cothabháil	313,236	291,180
Comhairleacht (Nóta 5)	506,337	507,282
Árachas	35,851	29,133
Costais Ríomhaireachta agus Stáiseanóireachta	109,025	63,887
Costais Riaracháin Eile	103,000	86,462
Faisnéis do Thomhaltóirí	1,186,424	720,620
Iníúchadh	14,000	13,300
Dímheas	133,831	127,984
	3,750,185	2,931,030

Faightear costais riaracháin de €429,645 (2022: €311,827) ar ais maidir leis an gCiste um Chomhionannú Riosca ón gCiste agus láimhseáiltear iad mar ioncam. Áirítear leis an bhfigiúr seo sciar REF de Chostais Thuarastail agus Foirne, Cíosa/Táillí Seirbhíse/Cothabháil, Costais Ríomhairí agus Stáiseanóireachta mar aon le Costais Riaracháin eile mar atá leagtha amach i Nóta 13.

4. Luach Saothair

Is é cuspóir an nochtaithe ná faisnéis a sholáthar maidir le luach saothair i gcomhlachtaí Stáit, i ndáil leis an gcaiteachas iomlán a thabhaíonn an comhlacht Stáit agus socruithe luach saothair na príomhfhoirne, lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir agus príomhbhainistíocht eile. Cuimsíonn sochair fhostaithe, mar atá sainmhínithe ag Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 “An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is Infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann” (“FRS 102”), tuarastail agus costais phinsin, sochair fhoirceanta, sochair iarfhostaíochta, sochair fhadtéarmacha eile agus idirbhearta íocaíochta scairbhunaithe.

Táillí Stiúrthóirí

Táillí iníoctha le comhaltaí aonair boird do 2023 Patricia Byron (Cathaoirleach) €8,978 (2022: €8,978), an Dr John Evans €Nialas (2022: €Nialas), Michael A. O’Sullivan €5,985 (2022: €5,985), Damien McShane €5,985 (2022: €5,985), Caroline Barlow €5,985 (2022: €5,985), John Armstrong €5,985 (2022: €5,985) agus Marcella Flood €4,558 (2022: €4,489).

Ba iad na speansais a íodadh le comhaltaí boird in 2023 ná €678 (2022: €352).

Luach Saothair na bhFostaithe

Faoi FRS102 is iad príomhphearsana bainistíochta na daoine sin a bhfuil údarás agus freagracht orthu gníomhaíochtaí an eintitis a phleanáil, a stiúradh agus a rialú, go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear aon stiúrthóir (cibé acu stiúrthóir feidhmiúcháin nó eile atá i gceist) den eintiteas sin.

(a) Sochair Chomhlána Fostaithe

	2023 €	2022 €
Tuarastail	762,099	721,459
Ranníocaíochtaí fostaithe le leas sóisialach	74,365	81,461
Costas Pinsin an fhostóra (Nóta 10)	85,709	100,645
SPSPS (DPER) an fhostóra	46,232	60,183
Foireann ar conradh	316,486	73,228
Iomlán	1,284,891	1,036,976

Ina theannta sin in 2023: asbhaineadh €18,744 (2022: €25,759) ón bhfoireann trí ranníocaíochtaí aoisliúntais breise agus íocadh leis an Roinn Sláinte é.

B'ionann líon iomlán na foirne a bhí fostaithe (CL - coibhéis lánaimseartha) amhail deireadh na bliana an 31 Nollaig 2023 agus 17 (2022): 10)

(b) Tuarastail na Foirne, Sochair Phinsin & Ghearrthéarmacha

	2023 €	2022 €
Bunphá	762,099	721,459
Ragobair		
Liúntais		
Iomlán	762,099	721,459

(c) Príomhphearsana Bainistíochta

Cuimsíonn an príomhphearsana bainistíochta in Údarás Comhaltaí an Údaráis, an Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir, an Ceann Oibríochtaí, an Ceann Rannpháirtíochta Tomhaltóirí agus Cumarsáide, Ceann an Chiste Comhionannaithe Riosca agus an Ceann Rialála agus Comhlíonta. Tá luach iomlán na sochar fostaithe don príomhphearsana bainistíochta leagtha amach thíos:

	2023 €	2022 €
Tuarastal	350,892	454,144
Liúntais		
Sochair um fhoirceannadh		
Árachais Sláinte		
Foireann ar conradh	240,469	43,504
Iomlán	591,361	497,648

Ní áirítear leis sin luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse. Is iad na príomhphearsanra bainistíochta baill de scéim phinsin an Údaráis Árachais Sláinte nó de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair agus ní shíneann a dteidlíochtaí ina leith sin níos mó ná téarmaí na scéime samhla pinsin seirbhíse poiblí nó Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair.

(d) Tuarastal agus Sochair an Phríomhfheidhmeannaigh/Chláraitheora

Seo a leanas pacáiste luacha saothair an Phríomhfheidhmeannaigh/Chláraitheora don tréimhse airgeadais:

	2023 €	2022 €
Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir (éiríodh as an 7 Iúil 2023)	69,571	125,713
Eatramhach (ceapadh an 8 Lúnasa 2023)	29,011	
Iomlán	98,582	125,713

Ní bhfuair an Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir nó an Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir eatramhach taisteal agus cothú do 2023 de €Nialas (2022: €Nialas).

Níl an Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir eatramhach ina bhall den Scéim Aoisliúntais Fostaithe Bhí an Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir ina ball den Scéim Aoisliúntais, agus ní shíneann a teidlíochtaí ina leith sin thar shochair na scéime sin. Níl luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse sin san áireamh leis an méid thuas.

Ní bhfuair an Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir agus an Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir eatramhach aon pheorcaisí nó sochair in 2023.

5. Costais Chomhairleachta

	2023 €	2022 €
Cuntasaíocht agus Iniúchadh Inmheánach	58,174	45,344
Seirbhísí Achtúireacha	29,151	3,321
Seirbhísí Dlíthiúla	36,653	50,171
Cumarsáidí	44,588	45,183
Taighde	119,947	52,758
Earcaíocht	68,129	39,668
Comhairleoireacht Bhunachar Sonraí	14,489	107,130
Tacaíocht Soláthair	7,603	
Aoisliúntas	816	7,815
Comhairleacht Plean Eagrúcháin		29,520
Seirbhísí Aistriúcháin	1,732	2,214
Comhairleacht Eacnamaíoch	125,055	148,830
	506,337	507,282

6. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	Ríomhaire Trealamh €	Feistiú Oifige, Trosacán & Trealamh €	Láithreán Gréasáin Forbairt €	Oifig Feistiú €	Sócmhainní á bhForbairt €	Iomlán €
Costas						
Amhail an 31 Nollaig 2022	94,933	126,168	333,442	432,046	105,129	1,091,718
Breiseáin le linn na bliana	53,012	7,400	-	-	128,678	189,090
Diúscairtí le linn na bliana	(1,999)	-	-	-	-	(1,999)
Amhail an 31 Nollaig 2023	145,946	133,568	333,442	432,046	233,807	1,278,809
Dímheas						
Amhail an 31 Nollaig 2022	84,934	64,211	333,442	217,831	-	700,418
Muirear don bhliain	23,088	24,334	-	86,409	-	133,831
Dímheas ar dhiúscairtí	(1,999)	-	-	-	-	(1,999)
Coigeartú sa Bhliain Roimhe	904	535	-	(535)	-	904
Amhail an 31 Nollaig 2023	106,023	88,545	333,442	304,240	-	832,250
Glanluach de réir na Leabhar						
Amhail an 31 Nollaig 2023	39,923	45,023	-	127,806	233,807	446,559
Amhail an 31 Nollaig 2022	9,999	61,957	-	214,215	105,129	391,300

Maidir leis an mbliain roimhe

	Ríomhaire Trealamh €	Feistiú Oifige, Troscán & Trealamh €	Láithreán Gréasáin Forbairt €	Oifig Feistiú €	Sóchmhainní á bhForbairt €	Iomlán €
Costas						
Amhail an 31 Nollaig 2021	94,798	124,864	333,442	432,581	-	985,685
Breiseáin le linn na bliana	-	-	-	-	105,129	105,129
Díúscairtí le linn na bliana						
Coigeartú sa Bhliain Roimhe	135	1,304	-	(535)	-	904
At 31 December 2022	94,933	126,168	333,442	432,046	105,129	1,091,718
Dímheas						
Amhail an 31 Nollaig 2021	66,412	39,719	333,442	131,957	-	571,530
Muirear don bhliain	17,618	23,957	-	86,409	-	127,984
Dímheas ar dhiúscairtí						
Coigeartú sa Bhliain Roimhe	904	535	-	(535)	-	904
Amhail an 31 Nollaig 2022	84,934	64,211	333,442	217,831	-	700,418
Glanluach de réir na Leabhar						
Amhail an 31 Nollaig 2022	9,999	61,957	-	214,215	105,129	391,300
Amhail an 31 Nollaig 2021	28,386	85,145	-	300,624	-	414,155

7. Réamh-íocaíochtaí agus féichiúnaithe eile

	2023 €	2022 €
Ioncam Fabhráithe	682,071	677,941
Réamh-íocaíochtaí agus féichiúnaithe eile	98,839	23,210
Cártaí Taistil / Rothar chuig an Obair	-	750
An Ciste um Chomhionannú Riosca	723,355	487,966
Féichiúnaithe Eile	41,405	35,409
	1,545,670	1,225,276

8. Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)

	2023 €	2022 €
Creidiúnaithe agus fabhraithe trádála	396,833	335,697
Soláthar pinsean (Nóta 10)	2,510,989	2,439,533
Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise	-	1,788
Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí	(1,468)	5,594
ÍMAT/ÁSPC	29,609	32,150
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	7,321	17,770
Cáin Bhreisluacha	1,569	21,339
	2,944,853	2,853,871

9. Gealltanais faoi Léasanna Oibriúcháin

Tá oifigí ar cíós ag an Údarás Árachas Sláinte i dTeach Beaux Lane, Sráid Mercer Íochtarach, Baile Átha Cliath 2 ar chostas € 219,655 don mhaoin agus € 8,920 do dhá spás páirceála do charranna. Rinne an tÚdarás léas 10 mbliana do na hoifigí i mí Dheireadh Fómhair 2019.

Ag deireadh na bliana, tá na gealltanais a leanas ag an Údarás atá dlite mar a leanas:

	2023 €	2022 €
laistigh de 1 bhliain	228,575	228,575
Níos moille ná bliain ach laistigh de 5 bliana	914,300	914,300
Níos moille ná 5 bliana	190,479	419,054
	1,333,354	1,561,929

10. Soláthar Pinsean

Oibríonn an tÚdarás dhá scéim pinsin; an Scéim Aoisliúntais d'Fhostaithe (d'fhostaithe roimh 2013) agus Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair. Tá gach fostaí nua don Údarás, ar iontrálaithe nua iad san Eanáil Phoiblí, an 1 Eanáir 2013 nó dá éis ina mbaill den Scéim Aonair.

a) An Scéim Aoisliúntais d'Fhostaithe

Síníodh Scéim Aoisliúntais Fostaithe an Údaráis (IR 637 de 2016) (“an Scéim”) an 21 Nollaig 2016 ina bhfuil na Rialacha atá leagtha amach sa sceideal a ghabhann leis na Rialacha um Rialacháin Chomhaltáí a bhí ann cheana féin do Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí 2014 (IR Uimh. 582 de) 2014) glactha mar Scéim chun sochair aoisliúntais a dheonú do bhaill foirne an Údaráis nó ina leith, lena n-áirítear an Cláráitheoir, de réir mar is iomchuí.

Tá ranníocaíochtaí fostóra ag ráta 25% den phá inphinsin agus gearrtar iad ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe. Coinnítear na ranníocaíochtaí carntha le haghaidh chuntas an Aire Sláinte.

Beidh teidlíochtaí sochair fostaithe mar fheidhm dá seirbhís leis an Údarás agus lena seirbhís roimhe seo sa státseirbhís nó sa tseirbhís phoiblí, nuair is iomchuí. Ní mhaoinítear an tÚdarás i leith teidlíochtaí sochair den sórt sin. Faoi threoir an Aire Sláinte, níl aon fhoráil déanta maidir le sochair iníochta sna blianta amach anseo.

b) Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair

Tá baill foirne Iontrála nua atá fostaithe ag an Údarás tar éis 1 Eanáir 2013 ina mbaill den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair de réir an Achta um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Déanann an tÚdarás na hasbhaintí riachtanacha as tuarastail le haghaidh na foirne atá ina cuid den scéim. Aistrítear ranníocaíochtaí fostaithe agus fostóirí chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe ar bhonn míosúil de réir an Achta um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

Seo a leanas an soláthar carntha do phinsin ag deireadh na bliana:

	2023 €	2022 €
Ag tús na tréimhse	2,439,533	2,396,268
Ranníocaíochtaí na bhFostaithe (arna n-asbhaint as tuarastail)	14,215	23,839
Ranníocaíochtaí Fostóra (Nóta 4)	85,709	100,645
Pinsin Íoctha	(28,468)	(81,219)
Iomlán	2,510,989	2,439,533

In 2023: asbhaineadh €14,252 (2022: €20,061) ón bhfoireann maidir le Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair agus aistríodh í chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Cuireadh €46,232 (2022: €60,183) i ranníocaíochtaí fostóra chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe freisin.

Is é an dliteanas pinsin don scéim aoisliúntais fostaithe amhail an 31 Nollaig 2023 ná €2,980,000 (2022: €2,600,000). Ní léirítear dliteanas pinsin na scéimeanna seo sna ráitis airgeadais seo.

11. Gealltanais Chaipitiúla

Ní raibh aon ghealltanais ann maidir le caiteachas caipitiúil amhail an 31 Nollaig 2023.

12. Nochtadh Páirtí Gaolmhar

Tá nósanna imeachta glactha ag an Údarás de réir na dtreoirínte arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltaí an Údaráis agus chloígh an tÚdarás leis na nósanna imeachta seo. Ní raibh aon idirbhearta ann i rith na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis a raibh leas ag Comhaltaí an Údaráis iontu.

13. An Scéim Comhionannaithe Riosca

Faoin Acht Árachais Sláinte (Leasú) 2012, foráiltear do bhunú an Chiste Comhionannaithe Riosca (an Ciste) ón 1 Eanáir 2013. Íocann árachóirí íocaíochtaí Dleachta Stampa le haghaidh beartas a thosaíonn nó a dhéantar a athnuachan ar an 1 Eanáir 2013 nó tar éis an dáta sin leis na Coimisinéirí Ioncaim, a aistríonn an t-airgead chuig an gCiste ina dhiaidh sin. Íocann an tÚdarás Árachas Sláinte Creidmheasanna Comhionannaithe Riosca, thar ceann na dtomhaltóirí, as an gCiste leis na gnóthais árachais sláinte. Ullmhaítear ráitis airgeadais ar leithligh maidir leis an gCiste ar bhonn bliantúil. Tá an tÚdarás freagrach as an gCiste a riar agus a chothabháil.

Níl fostaithe ar bith ann atá fostaithe go díreach ag an gCiste. Ghearr an tÚdarás costais iomlána de €723,355 (2022: €487,966) maidir leis an gCiste le haghaidh 2023 mar seo a leanas:

Cineál an chostais	Méid iomlán arna athghearradh ar an gCiste	
	2023 €	2022 €
Costais tuarastail agus foirne	266,910	196,339
Cíos, muirir seirbhíse agus cothabháil	72,795	55,555
Costais ríomhaireachta agus stáiseanóireachta	25,347	11,161
Costais riaracháin eile	64,593	48,772
Costais an Chiste Comhionannaithe Riosca Athghearrtha	429,645	311,827
Costais a ghearrtar go díreach ar an gCiste	293,710	176,139
	723,355	487,966

Ní thugtar cuntas ar chostais a ghearrtar go díreach ar an gciste laistigh de chaiteachas HIA, agus mar sin, níl aon cheanglas ar HIA ioncam comhfhreagrach a bhaineann leis na costais seo a aithint.

14. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhormheas an tÚdarás na Ráitis Airgeadais ar an 24 Meán Fómhair 2024.

Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais an Chiste um Chomhionannú Riosca don bhliain 1 Eanáir 2023 go 31 Nollaig 2023

Chuir an Aire Sláinte

I gcomhréir le téarmaí an Achta Árachais Sláinte 1994 (mar a leasaíodh), cuireann an tÚdarás Árachas Sláinte Ráitis Airgeadais an Chiste um Chomhionannú Riosca i láthair don tréimhse 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2023.

Clár na nÁbhar


An Ráiteas maidir le Freagrachtaí	66
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	67
Ráitis Airgeadais	70

An Ráiteas maidir le Freagrachtaí


Éilítear ar an Údarás Árachas Sláinte ("an tÚdarás") le hAlt 11D(8) den Acht Árachais Sláinte 1994 (mar a leasaíodh) (an "tAcht") ráitis airgeadais a ullmhú maidir leis an gCiste um Chomhionannú Riosca ("an Ciste"). Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige, éilítear ar an Údarás:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- A shonrú cé acu ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a léiriú, agus an éifeacht agus an chúis le haon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin a shonrú; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí a ghlacadh leis go leanfaidh an Ciste ag feidhmiú.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil ina mínítear agus ina dtaifeadtar i gceart idirbhearta an Chiste, gur féidir ag aon tráth sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Chiste a chinneadh le cruinneas réasúnta agus a chur ar a chumas a chinntiú go gclóinn na ráitis airgeadais le hAlt 11D(8) den Acht. Tá an tÚdarás freagrach freisin as a shócmhainní an chiste a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



Patricia Byron
Cathaoirleach



Caroline Barlow
Comhalta

Dáta: 24 Meán Fómhair 2024



An Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste An Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais An Ciste Comhionannaithe Riosca

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Chiste Comhionannaithe Riosca arna n-ullmhú ag an Údarás Árachas Sláinte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 11D (9) den Acht um Árachas Sláinte Náisiúnta, 1994 (arna leasú). Tá na Ráitis Airgeadais comhdhéanta de

- ráiteas ar chaiteachas agus ioncam agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe
- ráiteas ar an staid airgeadais
- ráiteas ar shreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Chiste amhail an 31 Nollaig 2023 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2023 de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe (RA) agus i bPoblacht na hÉireann.

Bonn na Tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (ISAnna) arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Iniúchóireachta Uachtaraí. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an Údarás Árachas Sláinte agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiteiciúla eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur iomchuí í an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

Tuairisciú ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Chuir an tÚdarás Árachas Sláinte na ráitis airgeadais i láthair mar aon le faisnéis áirithe a bhaineann le hoibriú an Chiste. Cuimsítear leis sin tuarascáil bhliantúil an Údaráis, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Údaráis, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú i ndáil le faisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile a dtuairiscím orthu go heisceachtúil.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy
An Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

27 Meán Fómhair 2024

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis

De réir mar atá sonraithe sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Údaráis, tá comhaltaí an Údaráis freagrach as an méid a leanas

- ráitis bhliantúla airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 32 den Acht um Árachas Sláinte Náisiúnta 1994
- chun a áirithiú go dtugtar léargas cóir agus cothrom leis na ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- chun a áirithiú go ndéantar idirbhearta de réir rialachta
- measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht úsáid na cuntasáiochta ar bhonn an ghnóthais leantaigh, agus
- a leithéid de rialú inmheánach a chur i bhfeidhm agus a mheasann siad riachtanach ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, biodh is de thoradh calaoise nó earráide

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi alt 11 D (9) den Acht iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Chiste agus chun tuarascáil ina leith a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha de thoradh calaoise nó earráide. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní hionann é agus ráthaíocht go mbraithfear míshonrú ábhartha atá ann trí iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAanna. D'fhéadfadh míshonruithe eascairt as calaois nó as earráid agus meastar gur ábhartha iad más féidir, ina n-aonar nó ina n-iomláine, go mbeifí ag súil go réasúnta go n-imreofaí tionchar leo ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a ghlacfaí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAanna, cuirim breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus coimeádam sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus le linn dom sin a dhéanamh,

- Déanaim na rioscaí a shainnithint agus a mheasúnú a bhaineann le míshonrú na ráiteas airgeadais cé acu an raibh sé nó nach raibh sé de thoradh ar chalaos nó ar earráid; déanaim nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm atá freagrúil i leith na rioscaí sin; agus aimsíonn fianaise i leith an iniúchta atá imleor agus iomchuí chun bunús a sholáthar le mo thuairim. Tá riosca níos airde ann nach mbraitear míshonrú ábhartha mar thoradh ar chalaos ná mar thoradh ar earráid, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha d'aon ghnó, nó sárú rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí áirithe, ach ní chun críocha tuairim a thabhairt maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measaim oiriúnacht na mbeartas cuntasáiochta as a mbaintear úsáid agus réasúntacht na meastachán cuntasáiochta agus na nochtuithe gaolmhara.
- Bainim tatal as oiriúnacht na húsáide a bhaintear as bonn gnóthais leantaigh na cuntasáiochta, agus bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, cé acu atá nó nach bhfuil

neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le teagmhais nó cúinsí lena bhféadfaí amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Údaráis Árachas Sláinte leanúint mar ghnóthas leantach. Más é an tatal a bhainim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, más neamhmléor a leithéid de nochtuithe, éilítear orm mo thuairim a athrú. Tá na tatal de mo chuid bunaithe ar an bhfianaise a aimsíodh suas le dáta mo thuarascála. Ina dhiaidh sin is uile, mar gheall ar theagmhais nó ar chúinsí amach anseo, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an tÚdarás Árachas Sláinte in ann leanúint mar ghnóthas leantach.

- Measaim cur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtáil, agus cé acu an léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta bunúsacha agus teagmhais bhunúsacha ar bhealach lena ndéantar léiriú cothrom a bhaint amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil rialachas mar fhreagracht acu maidir leis na nithe a leanas, i measc nithe eile: raon feidhme agus uainiú an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith maidir le rialú inmheánach a shainnithním le linn an iniúchta de mo chuid.

Tuairiscím na nithe seo a leanas, trí eisceacht, más é mo thuairim é:

- Ní bhfuair mé an fhaisnéis uile agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- ní raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun ligean dom na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus go ceart, nó
- níl na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Leis an tuairim de mo chuid ní chumhdaítear an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní léirím tatal dearbhaithe ar bith ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm i gcomhréir leis na ISAanna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus trí sin a dhéanamh, breithním má tá an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más ionann í sin agus míshonrú ar shlí eile de réir cosúlachta. Más é an tatal a bhainim, ar bhonn na hoibre atá déanta agam, go ndearnadh an fhaisnéis eile sin a mhíshonrú go hábhartha, ní mór dom an fhír sin a thuairisciú.



Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh agus tagairt á déanamh do na cúrsaí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus lena n-oibriú. Tuairiscím má shainnithním cúrsaí ábhartha a bhaineann leis an dóigh a ndearnadh gnó poiblí a chur i bhfeidhm.

Déanaim iarracht fianaise a aimsiú maidir le rialacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má shainnithním cás ábhartha ar bith nuair nach ndearnadh airgead poiblí a úsáid chun na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis lena rialaítear iad.

Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	12 mhí dar críoch 31 Nollaig 2023 €'000	12 mhí dar críoch 31 Nollaig 2022 €'000
Ioncam			
Dleacht stampa	2	792,270	809,761
Ioncam Infheistíochta		3,157	120
Ioncam Iomlán		795,427	809,881
Caiteachas			
Creidmheas préimhe um chomhionannú riosca	3	616,186	614,388
Creidmheas úsáide ospidéil	4	184,487	174,085
Ciste Éileamh Ardchostais	5	58,265	23,225
Costais foirne agus costais eile	6	724	489
Caiteachas Iomlán		859,662	812,187
Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas		(64,235)	(2,306)
(Easnamh)/Barrachas don bhliain		(64,235)	(2,306)
Cúlchistí Ioncaim Coinnithe ag tús na bliana		113,001	115,307
Cúlchistí Ioncaim Coinnithe ag deireadh na bliana		48,766	113,001

Patricia Byron
Cathaoirleach


Caroline Barlow
Comhalta

Dáta: 24 Meán Fómhair 2024


Tá nótaí 1 go 15 ina gcuid de na Ráitís Airgeadais seo.

Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
Sócmhainní reatha			
Taiscí gearrthearma	7	370,500	378,809
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid		19,513	14,992
Réamh-íocaíochtaí agus féichiúnaithe eile	8	236,737	221,984
		626,750	615,785
Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)			
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	9	(477,084)	(428,584)
Soláthar i leith Ciste Éileamh Ardchostais	11	(41,000)	(21,200)
Soláthar i leith Creidmheas Úsáide Ospidéil	10	(59,900)	(53,000)
		(577,984)	(502,784)
Glansócmhainní		48,766	113,001
Ag ionadú			
Cúlchistí Ioncaim Coinnithe		48,766	113,001



Patricia Byron
Cathaoirleach




Caroline Barlow
Comhalta

Dáta: 24 Meán Fómhair 2024

Tá nótaí 1 go 15 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Ráitis ar Shreafaí Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

Nótaí	2023 €'000	2022 €'000
Réiteach an bharrachais oibriúcháin leis an nglan-insreabhadh ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Barrachas oibriúcháin ioncaim thar chaiteachas don bhliain	(64,235)	(2,306)
Ús Bainc a Fuarthas	(3,157)	(120)
Méadú ar chreidiúnaithe 8	(14,753)	10,872
Méadú ar chreidiúnaithe 9&10&11	75,200	14,036
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	(6,945)	22,482
Insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		
Ús bainc faighte	3,157	120
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta	3,157	120
(Laghdú) / Méadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid	(3,788)	22,602
Airgead agus coibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir	393,801	371,199
Airgead agus coibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig	390,013	393,801
(Laghdú) / Méadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid	(3,788)	22,602




Patricia Byron
Cathaoirleach

Caroline Barlow
Comhalta

Dáta: 24 Meán Fómhair 2024

Tá nótaí 1 go 15 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

1. Beartais Chuntasáíochta

Tá na beartais chuntasáíochta shuntasacha a cuireadh i bhfeidhm in ullmhúchán na ráiteas airgeadais seo leagtha amach thíos. Cuireadh na beartais seo i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na blianta ar fad a chuirtear i láthair mura ndeirtear a mhalairt.

Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 “An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is Infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann” (“FRS102”). Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe na cuntasáíochta i gcomhréir le prionsabail na cuntasáíochta lena nglactar go ginearálta agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Cuirtear ráitis airgeadais an Chiste i láthair in euro (“€000”), atá ina airgeadra feidhmiúil freisin den Chiste.

Faisnéis Ghinearálta

Leis an Acht Árachais Sláinte 1994, arna leasú leis an Acht Árachais Sláinte (Leasú) 2012, tugadh isteach comhionannú riosca trína bhfaighidh gnóthais chláráithe creidmheasanna i ndáil le haicmí áirithe daoine árachaithe ionas nach mbaileoidh siad préimh iníochta i leith soláthar árachais sláinte don duine aonair. Rinneadh foráil in Acht 2022 freisin do bhunadh an Chiste Comhionannaithe Riosca (Ciste).

Tá an tÚdarás freagrach as bunú, as riar agus as coimeád an Chiste. Tá Comhaltaí an Údaráis freagrach as ráitis airgeadais don Chiste a tháirgeadh agus a cheadú. Tá an tÚdarás freagrach as údarú agus faomhadh idirbhearta uile an Chiste. Tá sonraí maidir le córais agus nósanna imeachta rialachais agus rialaithe an Údaráis leagtha amach sna Ráitis maidir le Rialuithe Inmheánacha agus maidir le Rialachas a nochtar i ráitis airgeadais an Údaráis.

Rinneadh foráil san Acht go n-íofar isteach sa Chiste gach dleacht stampa a íofar de bhua Alt 125A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999 maidir le conarthaí árachais sláinte dar tosach an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh.

Áirítear le híocaíochtaí as an gCiste:

- Creidmheas Prémhe Comhionannaithe Riosca – Faoi S.6 A (1) de na hAchtanna Árachais Sláinte, ní théann an leibhéal riosca ó thomhaltóir áirithe ar ghnóthas cláráithe i bhfeidhm ar an bpréimh a íoctar. Gearrtar an phréimh chéanna ar gach duine aonair faoi árachas le haghaidh plean áirithe, beag beann ar aois, inscne agus ar staid reatha a sláinte nó ar staid dhóchúil a sláinte sa todhchaí faoi réir ag eisceachtaí maidir le leanaí faoi 18 mbliana d'aois, lascaíní do bhaill i ngrúpscéimeanna, aosaigh óga agus ualuithe pobalráitithe saoil. Déantar foráil sa Chiste go bhfaighidh gnóthais chláráithe prémheanna níos airde maidir le daoine scothaosta, agus daoine nach bhfuil chomh sláintiúil go ginearálta a árachú, agus go n-íofar an méid níos airde mar chreidmheas prémhe comhionannaithe riosca ón gCiste. Athraíonn leibhéal na gcreidmheasanna um chomhionannú riosca atá iníochta ón gCiste maidir le prémheanna ar bhonn aoise, inscne agus leibhéal an chumhdaigh.
- Creidmheas Úsáide Ospidéal – Faoi S.6 A (1) de na hAchtanna Árachais Sláinte, tá méid sonraithe iníochta ón gCiste le haghaidh gach seal a chaitheann duine árachaithe i gcóiríocht ospidéal phríobháidigh nó in ospidéal maoinithe go poiblí ina bhfuil muirear iníochta faoi Alt 55 den Acht Árachais Sláinte 1970 maidir le seal den chineál sin.
- Creidmheas Ciste Éileamh Ardchostais – Faoi S.6 A (1) de na hAchtanna Árachais Sláinte, ciallaíonn sé an méid atá comhionann le sciar cóta éileamh ardchostais iolraithe faoin méid a sháraíonn an t-éileamh ardchostais tairseach an éilimh ardchostais.

I mí na Nollag 2020, thoiligh an Coimisiún Eorpach an Scéim um Chomhionannú Riosca a fhadú go dtí an 31 Márta 2022. Tugadh isteach athruithe reachtacha áirithe le linn 2022. Amhail an 31 Márta 2022, thoiligh an Coimisiún Eorpach an Scéim um Chomhionannú Riosca (RES) a leathnú agus a leasú freisin don tréimhse 1 Aibreán 2022 go dtí 31 Márta 2027 (is tréimhse 4 bliana, 11 mhí, 30 lá é seo, gan an dáta deiridh san áireamh). Nuashonraíodh an RES freisin chun cineál creidmheasa nua ar a dtugtar an Creidmheas Ciste Éileamh Ardchostais (HCCP) a chur san áireamh.

Faoi alt 7F(1) den Acht, ceanglaítear ar gach soláthraí árachais sláinte phríobháidigh in Éirinn ráiteas ar a bhrabúis agus a chaillteanais agus a chlár comhardaithe maidir lena ghnó árachais sláinte a sholáthar don Údarás. Níor chuir RES 2016 rialacha sonracha ar fáil maidir leis na caighdeáin chuntasaíochta ba cheart a úsáid, seachas a bheith i gcomhréir le “caighdeáin chuntasaíochta cheadaithe”.

Thug an Rialtas isteach Rialacháin an Achta Árachais Sláinte 1994 (Ráitis Airgeadais a Ullmhú) 2022. Leagtar síos leis na Rialacháin seo na rialacha a bhaineann le ráitis airgeadais a thugtar don Údarás de bhun alt 7F(1) den Acht. Thug siad isteach rialacháin chuntasaíochta chun feabhas a chur ar chomhsheasmhacht maidir leis an gcaoi a thuairiscigh gnóthais brabúis agus caillteanais chun críocha ráitis airgeadais a mheasúnú le haghaidh róchúitimh.

Léiríonn na Cuntais seo cur i bhfeidhm fhorálacha an Achta Árachais Sláinte (Leasú), 2021, arna thacú ag an Acht Árachais Sláinte 2022 agus Rialacháin an Achta Árachais Sláinte 1994 (Ráitis Airgeadais a Ullmhú) 2022 (I.R. Uimh. 146 de 2022), nuair is infheidhme.

Tréimhse Chuntasaíochta

Baineann na ráitis airgeadais leis an mbliain ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.

Ioncam

Aithnítear ioncam ó Dhleacht Stampa sna ráitis airgeadais thar théarma an chonartha árachais ábhartha, a nglactar leis gur dhá mhí dhéag é i ngach cás. Íocann gnóthais chláraithe dleacht stampa ar pholasaithe a thosaíonn ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin leis na Coimisinéirí Ioncaim ar bhonn ráithiúil. Íoctar an dleacht stampa isteach sa Chiste ansin. Déantar fáiltais an Chiste sa bhliain airgeadais a choigeartú chun na nithe a leanas a thabhairt san áireamh:

- Dleacht stampa fabhraithe arb ionann é agus dleacht stampa gan íoc atá dlite don Chiste ag deireadh na bliana agus a léiríonn méideanna atá iníoctha ag gnóthais chláraithe i ndáil leis an ráithe dheiridh den bhliain airgeadais. Taifeadtar an méid sin atá dlite mar fhéichiúnaí de chuid an Chiste.
- Is ionann dleacht stampa iarchurtha agus an cion measta den dleacht stampa a íocadh isteach sa Chiste le linn na bliana airgeadais agus a bhí fabhraithe ag deireadh na bliana a bhaineann le téarma neamheáigtha na gconarthaí árachais ábhartha ar an dáta tuairiscithe. Taifeadtar an méid sin mar dhleacht stampála neamhthuillte ag an dáta tuairiscithe (féach Nóta 9 - Creidiúnaithe agus Fabhruithe).

Aithint Caiteachais

Aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe de réir mar a thabhaítear é.

Creidmheasanna Prémhe Comhionannaithe Riosca

Tugtar cuntas ar chreidmheas prémhe comhionannaithe riosca ar bhonn fabhraithe. Éilíonn gnóthais chláraithe creidmheas prémhe comhionannaithe riosca ón gCiste ar bhonn míosúil.

Agus an méid a aithneofar mar speansas sa bhliain airgeadais á chinneadh, déantar na híocaíochtaí a dhéantar as an gCiste a choigeartú chun an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- Na méideanna arna n-éileamh agus atá iníoctha le gnóthais chláraithe nach bhfuil íoctha ag an dáta tuairiscithe.
- Creidmheas prémhe um chomhionannú riosca nach dtaifeadtar mar chaiteachas - íocann mórchuid na ndaoine polasaithe árachais trí thráthchodanna míosúla nó ar bhonn bliantúil roimh ré. Cláraítear costais ar chreidmheasanna a éilítear maidir le thráthchodanna míosúla sa mhí lena mbaineann an t-éileamh mar chaiteachas. Taifeadtar creidmheasanna a éilítear maidir le polasaithe a íoctar ar bhonn bliantúil roimh ré mar chaiteachas go haonfhoirmeach thar dhá mhí déag an chonartha. Ag an dáta tuairiscithe aithnítear aon mhéideanna a íocadh le gnóthais chláraithe nach ndearnadh a thairfeadh mar chaiteachas mar fhéichiúnaí (Féach Nóta 8 - Réamhíocaíochtaí agus Féichiúnaithe Eile).

Breithiúnais agus Meastacháin um Chuntasáocht Chriticiúla

Éilítear le hullmhú na ráiteas airgeadais ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a théann i gcionn ar na méideanna a thuairiscítear do shócmhainní agus do dhliteanais ar an dáta tuairiscithe agus ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus speansais i rith na bliana. Ciallaíonn cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh na fóorthóthaí a bheith difriúil leis na meastacháin sin. Bhí an tionchar ba shuntasáí ag na breithiúnais seo a leanas ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

Ba cheart go mbeadh leibhéal na gcúlchistí maidir le héilimh sa todhchaí chomh láidir ar a laghad leis an meastachán is fearr agus ba cheart i gcónaí go mbeadh siad imleor chun dliteanais ar bith a chumhdach a thagann chun cinn maidir le babhtáí ospidéal atá le héileamh fós chomh fada agus is féidir a réamh-mheas go réasúnta. Déantar an soláthar creidmheasa úsáide ospidéal (HUC) agus an soláthar Ciste Éileamh Ardchostais (HCCP) a ríomh bunaithe ar chomhairle achtúireach neamhspleách agus roinnt teicnící achtúireacha lena nglactar go ginearálta á n-úsáid chun teacht ar an meastachán láir agus ar raon de mheastacháin réasúnta. Tá an soláthar atá taifeadta sna ráitis airgeadais ar a laghad chomh láidir leis an meastachán is fearr arna bhaint trí mhodhanna achtúireacha lena nglactar go ginearálta a úsáid móide lamháil neamhchinnteachta de 10%. Rinneadh an lamháil neamhchinnteachta de 10% a threorú ag leibhéal na neamhchinnteachta sa soláthar agus ag na neamhchinnteachtaí sa timpeallacht éileamh.

Is beart neamhchinnte é an próiseas íocaíochtaí HUC agus HCCP amach anseo a mheas mar gheall ar nádúr randamach na n-éileamh. Agus dliteanais amach anseo á réamh-mheas bunaithe ar thaithí san am a chuaigh thart, tugtar isteach gné suibiachtúlachta gan amhras. Tugadh an HCCP isteach sa RES den chéad uair i mí Aibreáin 2022 agus tá teorainn le héilimh go dtí seo. D'fhéadfadh nádúr an HUC agus an HCCP dochar a dhéanamh d'fhorbairt sa todhchaí trí fhorbairt na n-éileamh éagsúil i dtaca le taithí stairiúil. Braitheann réamh-mheastacháin barrachais/easnaimh sa todhchaí ar imeachtaí teagmhasacha amach anseo agus bíonn tionchar ag go leor cúinsí eile orthu, lena n-áirítear lompar ospidéal, lompar árachóirí, Tinneas agus Luaineachtaí randamacha mar gheall ar an stair réasúnta teoranta. Is cúinsí iad foinsí áirithe éiginnteachta sa soláthar amhail an 31 Nollaig 2023 a bhaineann le hathruithe ar chothromaíocht an phobail: úsáid ospidéal phríobháideacha, céatadán méadaithe de chásanna lae, tionchar na paidéime domhanda COVID-19 agus cibirionsaí FSS ar úsáid ospidéal, agus tarscaoiltí.

Creidmheas úsáide ospidéal

Tugtar cuntas ar chreidmheas úsáide ospidéal ar bhonn fabhráithe. Agus an méid a aithneofar mar speansas sa bhliain airgeadais á chinneadh, déantar na híocaíochtaí a dhéantar as an gCiste a choigeartú chun an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- Suimeanna arna n-éileamh ag na gnóthais chláráithe agus atá iníoctha leo nár íocadh ar an dáta tuairiscithe.
- Soláthar do chreidmheas úsáide ospidéal a tháinig chun cinn maidir le babhtáí ospidéal a tharla sa bhliain airgeadais ach nach raibh éileamh déanta ina leith ag gnóthais chláráithe ag deireadh na bliana.
- Meastar leis an soláthar go mbíonn líon na n-óicheanta agus laethanta a chaitear i gcóiríocht ospidéal phríobháidigh aonfhoirmeach ar fud conarthaí a thosaíonn ar dhátaí éagsúla agus do dtarlaíonn sealanna in ospidéal go haonfhoirmeach ar feadh thréimhse an pholasaí. Féadfaidh an tréimhse socraithe le haghaidh éilimh ospidéal a bheith an-éagsúil. D'fhéadfadh sé go mbeadh de thoradh air sin go ndéanadh gnóthais chláráithe éileamh ar chreidmheas úsáide ospidéal bliain nó níos mó i ndiaidh eipeasóid ospidéal.
- Coigeartú maidir le soláthar gann nó ró-sholáthar do chreidmheasanna nár éilíodh maidir le blianta airgeadais roimhe atá fós amuigh ag an dáta tuairiscithe.

Ciste Éileamh Ardchostais

Tugtar cuntas ar an gCiste Éileamh Ardchostais, a tugadh isteach in 2022, ar bhonn fabhráithe. D'fhonn an méid le haithint mar chaiteachas sa bhliain airgeadais a chinneadh, déantar na híocaíochtaí ón gCiste a choigeartú chun na nithe a leanas a thabhairt san áireamh:

- Na méideanna arna n-éileamh agus atá iníoctha le gnóthais chláráithe nach bhfuil íoctha ag an dáta tuairiscithe.
- Foráil d'éilimh ardchostais a eascraíonn as éilimh ardchostais a tharla sa bhliain airgeadais ach nach raibh éilimh ag gnóthais chláráithe ag deireadh na bliana. Glactar leis san fhoráil go bhfuil éilimh aonfhoirmeach ar fud na gconarthaí a thosaíonn ar dhátaí éagsúla agus go dtarlaíonn cur san ospidéal go haonfhoirmeach le linn thréimhse an pholasaí. D'fhéadfadh an tréimhse socraithe le haghaidh éileamh ardchostais a bheith an-éagsúil. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh gnóthais chláráithe éileamh a dhéanamh ar éileamh ardchostais bliain nó níos mó i ndiaidh imeacht ospidéal.
- Coigeartú maidir le soláthar gann nó ró-sholáthar do chreidmheasanna nár éilíodh maidir le blianta airgeadais roimhe atá fós amuigh ag an dáta tuairiscithe.

2. Ioncam

Íocann gnóthais chláraithe íocaíochtaí dleachta stampála maidir le polasaithe a thosaíonn nó a dhéantar a athnuachan an 1 Eanáir 2013 nó tar éis an dáta sin leis na Coimisinéirí Ioncam agus aistríonn siad an t-airgead go dtí an Ciste ina seal féin.

	2023 €'000	2022 €'000
Dleacht stampála arna híoc leis an gCiste	798,439	800,952
Gluaiseacht um dhleacht stampála infhála sa bhliain	16,703	(9,431)
Gluaiseacht dleachta stampála iarchurtha sa bhliain	(22,872)	18,240
	792,270	809,761

3. Creidmheas préimhe um chomhionannú riosca

	2023 €'000	2022 €'000
Íocaíochtaí le gnóthais chláraithe	613,206	616,445
Gluaiseacht um chreidmheas préimhe um chomhionannú riosca iníoctha le gnóthais chláraithe sa bhliain	1,031	(3,499)
Gluaiseacht um chreidmheas préimhe um chomhionannú riosca nach bhfuil taifeadta mar chaiteachas sa bhliain	1,949	1,442
	616,186	614,388

4. Creidmheas úsáide ospidéil

	2023 €'000	2022 €'000
Íocaíochtaí le gnóthais chláraithe	177,224	161,397
Gluaiseacht um chreidmheas úsáide ospidéil iníoctha le gnóthais chláraithe sa bhliain	363	3,404
Gluaiseacht um sholáthar creidmheasa úsáide ospidéil sa bhliain	6,900	9,284
	184,487	174,085

5. Ciste Éileamh Ardchostais

	2023 €'000	2022 €'000
Íocaíochtaí le gnóthais chláraithe	14,465	260
Éilimh ardchostais iníoctha le gnóthais chláraithe sa bhliain	24,000	1,765
Soláthar éileamh ardchostais sa bhliain	19,800	21,200
	58,265	23,225

7. Costais foirne agus costais eile

	2023 €'000	2022 €'000
Costais athghearrtha an Údaráis Árachais Sláinte		
Costais tuarastail agus foirne	252	186
Costais oiliúna	6	3
Táillí Stiúrthóirí	9	7
Cíos, muirir seirbhíse, agus cothabháil	73	56
Árachas	7	6
Costais ríomhaireachta agus stáiseanóireachta	25	11
Costais riaracháin eile	27	19
Dímheas	31	24
	430	312
Costais arna ngearradh go díreach ar an gCiste:		
Iníúchadh	9	9
Cuntasaíocht	77	16
Achtúireach	161	126
Dlíthiúil	2	4
Comhairleacht Eacnamaíochta	26	18
Cigireachtaí	14	-
Árachas	4	3
	293	176
Costais arna dtabhú go díreach ag an gCiste:		
Táillí Bainc	1	1
	724	489

7. Taiscí gearrthearma

Cuimsítear i dtaiscí gearrthearmacha infheistíochtaí i nótaí státchiste arna n-eisiúint ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Is nótaí gearrthearmacha úsmhara iad nótaí Státchiste. Is féidir farasbarr ioncaim, caipitil nó sochair eile a fhaightear nach bhfuil de dhíth láithreach chun críocha an Chiste a infheistiú i nótaí státchiste. Fuarthas €3,157,138 in ús le linn na tréimhse (2022: €119,970).

8. Réamh-íocaíochtaí agus féichiúnaithe eile

	2023 €'000	2022 €'000
Creidmheas préimhe um chomhionannú riosca nach dtaifeadtar mar chaiteachas	52,034	53,983
Dleacht stampála fabhraithe infhála	184,703	168,001
	236,737	221,984

9. Creidiúnaithe agus Fabhruithe

	2023 €'000	2022 €'000
Dleacht stampa iarchurtha	323,495	300,623
Creidmheas préimhe um chomhionannú riosca iníochta	98,276	97,246
Creidmheas úsáide ospidéil iníochta	28,824	28,462
Ciste Éileamh Ardchostais Iníochta	25,766	1,765
An tÚdarás Árachais Sláinte	723	488
	477,084	428,584

10. Soláthar do Chreidmheasanna Úsáide Ospidéil

	2023 €'000	2022 €'000
Ag tús na bliana	53,000	43,716
A tháinig chun cinn le linn na bliana	184,486	174,085
Arna n-úsáid le linn na bliana	(177,586)	(164,801)
Ag deireadh na bliana	59,900	53,000

11. Ciste Éileamh Ardchostais Iníochta

	2023 €'000	2022 €'000
Ag tús na bliana	21,200	-
A tháinig chun cinn le linn na bliana	58,266	23,225
Arna n-úsáid le linn na bliana	(38,466)	(2,025)
Ag deireadh na bliana	41,000	21,200

12. Staid Airgeadais an Chiste um Chomhionannú Riosca

De réir an Ráitis ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe, b'ionann na cúlchistí coinnithe agus €48.77m (2022: €113m). Tugtar aon bharrachas nó easnamh a thagann chun cinn maidir le tréimhse conartha san am atá caite agus tréimhse reatha san áireamh nuair a dhéantar moltaí don Aire maidir le creidmheasanna um chomhionannú riosca agus dleacht stampála.

Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim de €390m sa Chiste (2022: €394m).

13. Nochtadh Leasanna

Tá nósanna imeachta glactha ag an Údarás de réir na dtreoirlínte arna n-eisiúint ag Seachadadh agus Athchóiriú NPD na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltaí an Údaráis agus chloígh an tÚdarás leis na nósanna imeachta sin. Ní raibh aon idirbhearta ann le linn na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Chiste ina raibh leas ag Comhaltaí an Údaráis.

14. Imeachtaí Tar Éis na Tréimhse Tuairiscithe

Achtaíodh an tAcht Árachais Sláinte (Leasú) 2023 an 14 Nollaig 2023 agus nuashonraíodh paraiméadair na Scéime um Chomhionannú Riosca.

15. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhorghas an tÚdarás na Ráitis Airgeadais ar an Meán Fómhair 2024.



An tÚdarás Árachais Sláinte
The Health Insurance Authority

An tÚdarás Árachais Sláinte,
Teach Lána Beaux
Sráid Mercer Íochtarach
D02 DH60

T: (01) 406 0080
R: info@hia.ie
www.hia.ie